14. Bronnadh cistiú ar 44 tionscadal taighde, forbartha agus taispeána fuinnimh nua.
15. Cistíodh seisear iarratasóirí aigéin/amach ón gcósta trí Chlár Rochtana Tionscail LIR 2022 an SEAI.
16. Cuireadh Comhdháil Náisiúnta Taighde agus Bheartais Fuinnimh 2022 ar siúl: Claoclú Socháioch chun Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar.
17. Foilsíodh Staidéar Náisiúnta Teasa na hÉireann, a sholáthraíonn anailís thábhachtach i dtreo Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 a ullmhú.

Eagrú agus Soláthar Seirbhíse

18. Foilsíodh "Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar", straitéis nua don tréimhse 2022-2025".
19. Ghlac an SEAI páirt i seacht seisiún coiste Oireachtais i measc roinnt limistéar dár sainchúram.
20. D'fhreastail an t-ionad teagmhála ar beagnach 280,000 idirbheart glóir, ríomhphost agus comhrá gréasáin i measc na gclár go léir.
21. Cuireadh chéad Taispeántas Fuinnimh beo an SEAI ar siúl ó 2019 agus beagnach 2,500 duine sa lucht freastail.
22. Cuireadh Gradaim Fuinnimh ar a raibh an rath geal agus fuarthas 107 ainmniúchán.
23. Bhí breis agus dhá mhilliún seisiún gréasáin ar www.seai.ie i ngeall ar idirchaidreamh gréasáin.

Ár dTionchar

Tá fuinneamh glan
ríthábhachtach do
shláinte agus folláine
ár dtíre agus na nglúnta
atá le teacht.

Fuinneamh a Chlaochlú	54
Sonraí agus Léargas ag an SEAI	60
Taighde agus Teicneolaíocht	62
Feidhmeanna Tarmligthe	63

Cabhraíonn Deontas Pobail le cuid bhunriachtanach den bheatha ar Árainn Mhór

Bhain Ionad Cultúir Árainn Mhór leas as Scéim Deontais Pobail an SEAI agus tá tairbhe á baint aige as uasghráduithe fuinnimh agus gnéithe nua a sheasfaidh an aimsir.

AN TIONSCADAL

Cuirtear sraith seirbhísí agus áiseanna éagsúla ar fáil in Ionad Cultúir Árainn Mhór ar Árainn Mhór do gach cuairteoir, idir an pobal áitiúil agus níos faide i gcéin, seomraí cruinnithe ar cíos, caifé agus cartlann a bhaineann le hOileáin Dhún na nGall san áireamh.

Táthar tiomanta dá lorg carbóin a laghdú agus, ar a uain sin, don chostas fuinnimh a laghdú a bhaineann leis an ionad a reáchtáil, rinneadh an cinneadh páirt a ghlacadh i Scéim Deontais Pobail an SEAI.

Mar chuid den scéim, rinneadh ballaí Ionad Cultúir Árainn Mhór a chaidéalú le hinsliú ar mhaithe le coinneáil níos éifeachtúla fuinnimh agus cuireadh dóire millíní adhmaid isteach, a cuireadh in ionad an dóire

ola ar bhraith foirgneamh air roimhe seo d'fhuinneamh. Téann an dóire millíní adhmaid anois an t-ionad iomlán, agus soláthraíonn sé teas freisin don soláthar uisce do chaifé an ionaid. Cuireadh painéil FV gréine isteach chomh maith ar dhíon an ionaid, a ghlac le ról ollmhór in ídiú leictreachais a laghdú go mór.

“Is pobal anseo muid, agus tá costais bhillí ag dul i méid laistigh den eagraíocht, agus is dócha gurb é an rud is tábhachtaí ná nach bhfaighimid an bille ola sin gach bliain”

TOMÁS COISDEALBHA



AN TORADH



De réir Thomáis Uí Choisdealbha, Comharchumann Árainn Mhór, bhain an dóire millíní adhmaid a úsáid do théamh an ionaid an bille ola sin a mbeadh ar an ionad a íoc roimhe seo go hiomlán, agus chosain an bille sin idir €3,000 agus €4,000 gach bliain. Cé go mbíonn costais le híoc go fóill maidir leis na millíní adhmaid a cheannach, is costas neamhshuntasach é i gcomparáid leis an iarbille ola.



Tacaíonn Deontas Pobail an SEAI le tionscadail phobail éifeachtúlachta fuinnimh trí chistiú caipitil, comhpháirtíochtaí, agus tacaíocht theicniúil. Tacaíonn an clár le cur chuige nua i leith éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach i bpobail na hÉireann. Is féidir le huasghráduithe titim amach i measc saghsanna foirgnimh le húsáid agus costais fuinnimh a laghdú ar fud an phobail.

Uasghrádú fuinnimh d'áit chónaithe i gContae na Mí

D'uasghrádaigh an t-úinéir tí sa Mhí a áit chónaithe ó BER D1 go BER A3 agus tá taitneamh á bhaint anois aige as na leibhéil chompoird ar féidir súil a bheith lena mbraistint in áit chónaithe atá tíosach ar fhuinneamh.



AN TORADH

Rinne Robert Settino agus a bhean chéile Birgit an cinneadh bogadh go Baile Átha Troim, Contae na Mí in earrach 2021.

As Bostún ó dhúchas do Robert agus bhí áit chónaithe in Éirinn á lorg aige agus thapaigh sé an deis nuair a chonaic siad áit chónaithe oiriúnach i mBaile Átha Troim ar díol ar an margadh.

Ar an drochuair, ní dhearnadh an teach a thógáil ná a chothabháil go maith. Anuas ar na hoibreacha ar shoiléir gur theastaigh siad ón teach, bhí saincheisteanna eile ann.

"Ba é an rud ba mhó a thug mé faoi deara anuas ar an obair a bhí le déanamh ná go raibh an teach fuar agus béol dom agus mé ag siúl timpeall costnocht, go bhféadfainn an fhuacht a bhraistint sa teach," a dúirt Robert.

Chuir duine muinteartha Robert ar an eolas faoin Scéim Uasghrádaithe Fuinnimh Baile ón SEAI.

Áiríodh leis an Uasghrádú Fuinnimh Baile córas nua Teaschaidéil ó Aer go hUisce, a oibríonn ar 12 KW. Rinneadh na radaitheoirí go léir a athsholáthar a bhí sa teach mar chuid den uasghrádú chomh maith, agus cuireadh comhláir teirmeastatacha radaitheora leo, cuireadh fuinneoga nua trígheolaithe nua isteach, agus rinneadh insliú ar na ballaí seachtracha agus inmheánacha agus cuireadh insliú olla carraige san áiléar.

"Ba é an beart ceart agus ba bheart maith é!"

ROBERT SETTINO

AN TORADH

Tugann Robert agus a bhean chéile Birgit dífeare suntasach faoi deara ina n-áit chónaithe nua, agus braitheann siad an teas agus an compord a luaithe a shíúllann siad tríd an doras. Tá rátaí fuinnimh na háite cónaithe méadaithe aníos ó D1 go A3.

"Rud éigin nach raibh súil againn leis, agus is tairbhe aisteach go leor é seo, ach cónáimid gar go leor do bhóthar gnóthach, agus nuair a bhíonn na doirse agus na fuinneoga dúnta bíonn sé go hiomlán ciúin anseo, ní chloisimid aon rud."

"Bhí an conraitheoir ar oibríomar leis iontach mar gheall go ndearna sé an páipéarachas go léir."

Fuair Robert agus Birgit 25% dá n-infheistíocht ar ais trí dheontas ón SEAI ar chríochnú an tionscadail.



Cuireann Deontais Fuinnimh Baile an SEAI réimse roghanna uasghrádaithe fuinnimh baile ar fáil anuas ar dheontais aonair le d'áit chónaithe a dhéanamh níos teo agus níos tíosaí ar fhuinneamh.

Laghdaíonn Cuan Chorcaí an úsáid leictreachais agus astaíochtaí carbóin



AN TIONSCADAL

Is é Cuan Chorcaí an dara cuan nádúrtha is mó ar domhan agus is príomhthairseach idirnáisiúnta é do thrádáil. Cuideachta leathstáit tráchtála í atá freagrach as réimse fheidhmiú tráchtála Chuan Chorcaí anuas ar an loingseoireacht agus an bheartlann sa Chuan agus tá lucht saothair díreach 150 ball foirne aici agus tacaíonn sí leis na mílte poist trí fhostaíocht indíreach trí thrádstórais, tarlóirí, agus gníomhairí loingseoireachta.

Tar éis gur cheadaigh an Bord Pleanála athfhorbairt na saoráidí reatha cuain ag Rinn an Scidígh i gContae Chorcaí, theastaigh ón eagraíocht a chinntiú go dtiocfadh an tionscadal lena thiomantas d'éifeachtúlacht fuinnimh agus d'infheistíocht chomhshaoil.

Le tacaíocht ón SEAI trína chlár Sármhaitheas i nDearadh atá Tíosach

ar Fhuinneamh (EXEED), shainaithean Cuan Chorcaí roinnt limistéar ina bhféadfaí coigiltí fuinnimh a bhaint amach, méadrú méadaithe san áireamh le laghduithe breise fuinnimh a thabhairt chun solais a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fud an chríochfoirt báid farantóireachta agus fuariarnála, áit a n-úsáideann longa feistithe leictreachas eangaí, seachas brath ar ghineadóirí díosail le cumhacht a sholáthar (a dhéanann airgead cliaint a choigilt agus a laghdaíonn truailliú a dhéanann gineadóirí díosail).

Spreagann próiseas EXEED nuálaíocht i dtionscadail dearaidh le cabhrú le féachaint chuige go seasfaidh an infheistíocht an aimsir, trí bharr feabhais a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, feabhas a chur ar chostais fuinnimh oibríochta agus ar astaíochtaí carbóin agus iomaíochas a fheabhsú.

AN TORADH

Ó ghlac sé páirt i gclár deimhnithe EXEED, bhain Cuan Chorcaí tairbhe as ídiú laghdaithe fuinnimh de bharr soilsíú LED ardéifeachtúlachta do chórais soilsithe ardchrainn ag a bhfuil criosú ard, meánach agus íseal chomh maith le cáilíocht aeir níos fearr, truailliú torainn laghdaithe agus astaíochtaí CO₂ laghdaithe de bharr fuariarnála mar gheall go raibh innill chúnta long múchta fad a bhí siad feistithe.

Rinne deimhniúchán EXEED a ghnóthú d'fhorbairt an chuain na bearta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an dearadh agus is féidir an t-oibriú amach anseo chomh héifeachtúil agus chomh neamhdhíobhálach ó thaobh carbóin de agus is féidir.



Cuireann Sármhaitheas i nDearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh (EXEED) ar chumas eagraíochtaí cur chuige córasach a bhunú i leith próisis dearaidh, tógála, agus coimisiúnaithe d'infheistíochtaí nua agus uasghráduithe ar shócmhainní reatha. Tá mar chuspóir ag clár deimhnithe EXEED tionchar a imirt ar dhea-chleachtais nua agus iad a sholáthar i mbainistíocht ar dheardh atá tíosach ar fhuinneamh.

Rath leictreach: Tá flít glas KN Circet go mór chun cinn

KN Circet, príomhsholáthraí do na hearnálacha teileachumarsáide, iompair, bonneagair agus cumhachta in Éirinn, an RA agus go hidirnáisiúnta, le Feithiclí Leictreacha a thabhairt isteach ina bhflít in Éirinn.



AN TORADH

Anuas ar laghdú ar astaíochtaí foriomlána CO₂ agus ar fheabhas a chur ar dheardh an phobail i leith na cuideachta, tá coigilt €8,033 sa mhí á déanamh ag KN Circet lena bhflít nua leictreach.

I ndiaidh gur tugadh na tairbhí faoi deara a bhaineann le feithiclí leictreacha a úsáid, d'ordaigh KN Circet sé veain bhreise le cur lena bhflít leictreach atá ag dul i méid. Leanfaidh an chuideachta theileachumarsáide le monatóireacht a dhéanamh ar dheiseanna inar féidir leo an líon seo a mhéadú agus a gcostais agus a n-astaíochtaí CO₂ a laghdú níos mó.

AN TIONSCADAL

Bhí bealaí nua á lorg ag an gcuideachta, a fhostaíonn 3,500 duine, agus ag a bhfuil flít breis agus 1,500 feithicil, le héifeachtúlacht breosla agus astaíochtaí carbóin a laghdú agus sábháilteacht tiománaithe á cinntiú i gcomhthráth i measc a oibríochtaí.

Tar éis taighde suntasach a dhéanamh sa limistéar, rinne siad an cinneadh feithicil leictreacha (EVanna) a thabhairt isteach ina bhflít in Éirinn.

Rinne siad €1.1 milliún a infheistiú in 29 veain leictreach Hyundai Kona, na chéad EVanna a tugadh isteach i bhflít reatha KN, a rinne ceann de na flíteanna EV is mó de atá á oibriú in Éirinn inniu.

Agus flít chomh mór sin feithicilí ann, theastaigh am agus tiomantas ón gcuideachta chun an t-aistriú chuig feithicilí leictreacha a dhéanamh. Ar an gcéad dul síos, bhí orthu a shainaithint cé chomh hoiriúnach a bheadh feithicil leictreach don ghnólacht – bunaíodh seo ar roinnt tosca, conas a d'úsáidfí an feithicil, an fad a thaistealódh sé gach lá agus cá raibh sé lonnaithe san áireamh. Ba í a fhís deiridh don

chuideachta aistriú go hiomlán leictreach agus bheith saor ó charbón.

Bhunaigh KN an próiseas roghnúcháin ar an áit a bhféadfaidís an choigilt is fearr a bhaint amach agus an tionchar comhshaoil is mó a imirt. Chuir siad san áireamh chomh maith an fháil atá ar phointí luchtaithe – bhí ar an gcuideachta a chinntiú go raibh an tacaíocht theicniúil acu an t-aistriú go leictreach a chur i bhfeidhm go hiomlán – ónar eascair 12 stáisiún EV bhreise a sholáthar.

“Ceapaimid gur féidir le gach gnólacht gné de EVanna a chuimsiú ina sreabhadh oibre laethúil, fíricí taighde agus intinn oscailte a bheith againn.”

RAY VERSCHOYLE, BAINISTEOIR IOMPAIR, ÉIRE, KN CIRCET

Rinne KN Circet €1.1 milliún a infheistiú in 29 Hyundai Kona, na chéad EVanna a tugadh isteach i bhflít reatha KN, a rinne ceann de na flíteanna EV atá á n-oibriú in Éirinn inniu de.



Déanann Radisson Blu, Leitir Ceanainn a bhille téimh a laghdú faoi dhó



AN TORADH

Tháinig laghdú thart ar 50% bunaithe ar fhigiúirí 2019 ar an gcostas téimh don óstán agus nuair a chuirtear san áireamh nár ceannaíodh aon ola don óstán ina dhiaidh sin, bhain an choigilt thart ar 70% amach in 2022. Cuirtear na híocaíochtaí ón Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaite san áireamh ann seo.

“Is fiú an infheistíocht agus an iarracht a theastaíonn. Baintear na tairbhí i do bhunlíne beagnach láithreach bonn agus tá sé rithábhachtach dúinn a bheith in ann ár gcostais fuinnimh a laghdú chun go leanaimid de bheith iomaíoch”, a dúirt Paul.

AN CÚLRA

Rinne Óstán an Radisson Blu i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall an cinneadh cúpla bliain ó shin aistriú ó ola a úsáid chuig coire bithmhaise mar phríomhfhoinsé téimh an óstáin chun a mbillí fuinnimh a laghdú agus a n-astaíochtaí carbóin a chiorrú go mór.

AN TIONSCADAL

Shainnadh an t-óstán ceithre réalta a athchóiríodh le déanaí ina bhfuil 114 seomra leapa, saoráidí iomlána comhdhála, agus féasta, anuas ar ionad fóillíochta ina bhfuil linn snámha 17m, billí fuinnimh, ach go háirithe téamh, mar cheann de na costais ba mhó a raibh an t-óstán ag íoc astu.

Thapaigh Paul Byrne, Stiúrthóir Bainistíochta an óstáin, Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite an

SEAI mar dheis dá óstán díriú go mór ar inbhuanaitheacht agus aschur carbóin an óstáin a laghdú agus chun dul i ngleic le billí a bhí ag dul i méid freisin

“Chuir an Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaite ar ár gcumas aistriú chuig foinse fuinnimh in-athnuaite agus an infheistíocht a aisghabháil a theastaíonn chun an t-athrú sin a dhéanamh i dtréimhse an-ghearr ama.”

PAUL BYRNE, STIÚRTHÓIR BAINISTÍOCHTA, ÓSTÁN AN RADISSON BLU, LEITIR CEANAINN



Cuireann Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaite tacaíocht airgeadais ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí aistriú chuig téamh in-athnuaite. Tá an scéim ar oscailt d'úsáideoirí tráchtála, tionsclaíochta, talmhaíochta, téimh ceantair, earnála poiblí, agus úsáideoirí eile téimh neamhbhaile.

Déanann Comhairle Contae an Chabháin uasghrádú ar shoilsiú sráide

Tá a soilse sráide á n-uasghrádú ag Comhairle Contae an Chabháin le teicneolaíocht LED níos glaise agus níos tíosaí ar fhuinneamh mar chuid dá Scéim Iarfheistithe Soilse Sráide.

AN TIONSCADAL

Tá Comhairle Contae an Chabháin ag oibriú i dtreo a sprice éifeachtúlachta fuinnimh de bheith 50% níos tíosaí ar fhuinneamh faoin mbliain 2030 agus tá páirt á glacadh acu i dtionscadal uasghrádaithe LED lena dtacaíonn an SEAI.


Cabhróidh an scéim leis an údarás áitiúil a chostais reatha a laghdú go suntasach i rith na gcéad 25 bliain amach romhainn trí choigiltí fuinnimh agus cothabhála agus cuirfidh sé go mór lena spriocanna laghdaithe carbóin.

Áiríodh leis an obair na haonaid soilse sráide uile a thiontú ina dteicneolaíocht LED. Tá córas bainistíochta lárnáil ag na soilse nua LED ag a bhfuil fótaichill aonair a lasann soilse nuair a bhíonn sé dorcha.

AN TORADH

Rinne Comhairle Contae an Chabháin uasghráduithe ar shoilsiú LED ar bhreis agus 6,860 aonad dá fardal soilisithe phoiblí, agus baineadh meánchoigiltí fuinnimh 40-50% amach in aghaidh an lóchrainn.

D'eascair coigiltí thart ar 21,000 kwh as na huasghráduithe a rinneadh in 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, arb ionann sin agus coigiltí thart ar €40,000. Táthar ag súil le leibhéal comhionann de choigiltí gach bliain mar thoradh ar na hoibreacha seo.



Cabhróidh an scéim leis an údarás áitiúil a chostais reatha a laghdú go suntasach i rith na gcéad 25 bliain amach romhainn trí choigiltí fuinnimh agus cothabhála agus cuirfidh sé go mór lena spriocanna laghdaithe carbóin.

Teicneolaíocht LED

Braitheann go leor gnólachtaí agus eagraíochtaí go fóill ar theicneolaíocht neamhéifeachtúil chun freastal ar a riachtanais soilisithe. Cuireann dul chun cinn i dteicneolaíocht soilisithe, go sonrach LEDanna agus rialuithe soilisithe, deiseanna iontacha ar fáil chun cáilíocht, inacmhainneacht agus iontaofacht solais a fheabhsú.

Cuireann LEDanna dath-theocht mhaith, dathscáthú, saolré níos faide agus éifeachtúlacht níos fearr ar fáil. Cinntíonn rialuithe soilisithe nach mbiann soilse ar siúl ach nuair a theastaíonn siad agus san áit a dteastaíonn siad.

Tá an meascán de na teicneolaíochtaí seo ag cabhrú le gnólachtaí airgead a choigilt trí idiú fuinnimh agus costais chothabhála laghdaithe.

Is é an soilsiú is fearr do do ghnólacht nó d'eagraíocht an ceann atá oiriúnach don fheidhm.

Léargas Taighde agus Beartais ag an SEAI



Léiríonn aschur ó na foirne Staitisticí agus Samhaltaithe dul chun cinn ar spriocanna a bhaineann le fuinneamh, astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, agus bealaí amach anseo chun córas fuinnimh na hÉireann a chlaohlú – agus é mar aidhm aige astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Eolas a sholáthar don bheartas náisiúnta fuinnimh

Caithfidh beartas éifeachtach fuinnimh a bheith bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil. Comhlíonann foireann Sonraí agus Léargais an SEAI sainordú dlíthiúil an SEAI chun staitisticí fuinnimh náisiúnta agus réamh-mheastacháin náisiúnta fuinnimh na hÉireann a tháirgeadh go bliantúil.

Léiríonn aschuir ó na feidhmeanna seo dul chun cinn ar spriocanna a bhaineann le fuinneamh, ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus ar bhealaí amach anseo chun córas fuinnimh na hÉireann a bhunathrú – agus é mar aidhm astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a bhaint amach faoi 2050.

NEODRACH Ó THAOBH FUINNIMH DE

Aidhm astaíochtaí in Éirinn faoin mbliain 2050

Déanann ár nAonad Eacnamaíochta lompraíochta imscrúdú ar an gcaoi a n-úsáideann tomhaltóirí Éireannacha fuinneamh agus a ndéanann siad cinntí ceannaigh chun athruithe intomhaiste a spreagadh ar iompraíocht a bhaineann le fuinneamh. Bunaíodh an tAonad Measúnaíthe Beartais agus Clár i rith 2022 le measúnuithe fianaisebhunaithe a sholáthar ar thionchair chlár an SEAI agus beartais Rialtais, agus léargas a sholáthar ar mhaithe le comhairle a chur ar lucht déanta beartais sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), agus ar fhórais bheartais aeráide níos fairsinge. Cuireann obair an SEAI sa limistéar seo eolas ar fáil do Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide (NECP), an Tascfhórsa Náisiúnta Larfheistithe Tithíochta,



agus tionscnaimh bheartais eile, i gcomhoibriú le DECC. Anuas ar chomhairle a soláthraíodh don Rialtas, i measc an aschuir shuntasaigh in 2022, bhí an méid seo a leanas:

CUMARSÁID LE LINN NA GÉARCHÉIME FUINNIMH

Thug an tAonad Eacnamaíochta lompraíochta i rith 2022 faoi thaighde iompraíochta le heolas a sholáthar do chumarsáid ghéarchéim fuinnimh DECC. Thugamar faoi thurgnaimh ar líne le cén saghas frámaithe den fheachtas Laghdaigh d'Úsáid a thástáil a bheadh ar an gceann ab éifeachtaí le hathrú iompraíochta a spreagadh agus sheolamar an Rianaire Fuinnimh agus Taistil lompraíochta leanúnach – suirbhé mionsonraithe míosúil a sholáthraíonn léargas mionsonraithe ar iompraíocht taistil agus fuinnimh baile in Éirinn le himeacht ama. Chuireamar sraith moltaí le chéile freisin maidir le straitéisí cumarsáide le caomhnú fuinnimh a spreagadh bunaithe ar athbheithniú mear ar an litriocht eolaíochta iompraíochta.

SRAITH STRAITÉISÍ LÉARGAIS IOMPRAÍOCHTA DO CHLEACHTÓIRÍ BEARTAIS FUINNIMH

Leanann an tAonad Eacnamaíochta lompraíochta de bheith bainteach go gníomhach i roinnt líonraí agus comhoibriú idirnáisiúnta, Ardán Léargais lompraíochta TCP Úsáideoirí IEA san áireamh. D'oibrigh bail an ardáin le chéile anuraidh le sraith straitéisí a chur le chéile chun cabhrú leis an lucht déanta beartais, státseirbhíshigh

nó gairmithe léargas ón eolaíocht iompraíochta a chur i bhfeidhm ar bheartas fuinnimh don éileamh. Cabhraíonn an tsraith straitéisí leo siúd a bhfuil clár á ndearadh acu breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh daoine freagairt do na clár siúd agus an dóchúlacht a mhéadú go mbaineann siad a dtorthaí beartaithe amach.

CUMAS TOMHALTÓIRÍ TEASCHADÉIL A OIBRÍÚ

Braitheann lánchumas teaschaidéal le hastaíochtaí carbóin a laghdú ní hamháin ar ghlacadh leo ach chomh maith ar oibriú ceart a luaithe a bhíonn siad suiteáilte.

D'fhoilsigh an tAonad Eacnamaíochta lompraíochta torthaí ar thaighde i Meán Fómhair 2022 a d'fhiosraigh cumas tomhaltóirí teaschaidéil agus a rialuithe a oibriú, agus an cumas chun idirghabháil a dhéanamh leis seo a fheabhsú. Dheimhnigh an staidéar go dtagann tomhaltóirí ar dheacrachtaí, go deimhin, maidir le teaschaidéil a oibriú, ach is féidir seo a réiteach go páirteach trí idirghabháil shimplí – a sholáthraíonn treoracha simplithe i bhfoirm 'treoir mhearthosaithe' a chuir feabhas 11% ar fheidhmíocht ar thascanna rialuithe teaschaidéil, ar an meán, i gcomparáid le gan ach an lámhleabhar caighdeánach a thabhairt dóibh. Déantar roinnt moltaí sa tuarascáil bunaithe ar na torthaí do dhéantúsóirí, suiteáláí, agus an lucht déanta beartais teaschaidéil.



An Staidéar Náisiúnta ar Theas

Foilsíodh an Staidéar Náisiúnta ar Theas ag tús 2022, a sholáthraíonn anailís chuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú in Éirinn.

Foilsíodh é mar shraith ocht dtuarascáil, anuas ar ábhar tacaíochta. Tugtar eolas den chéad scoth le chéile sna chéad seacht dtuarascáil ar bhonneagar teicneolaíochta, agus roghanna breosla ísealcharbóin. Úsáidtear an t-eolas seo sa tuarascáil deiridh, Neodrach ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2050, le ceithre bhealach fhairsinge a shamhaltú le hastaíochtaí CO₂ atá neodrach ó thaobh fuinnimh ón téamh agus fuarú a bhaint amach faoin mbliain 2050. Foilsíodh cáipéis achoimre ar Neodracht ó thaobh Fuinnimh faoin mbliain 2050 chomh maith ina leagtar béim ar phríomhléargas, fianaise agus gníomhartha le cur san áireamh i ndiaidh an staidéir.

Seo a leanas roinnt de phríomhléargas an staidéir:

- Teicneolaíocht atá i dtéamh ceantair a chuireann acmhainneacht bhreise ar fáil. Tá cruthúnas leis agus tá sé ar fáil anois.
- Teicneolaíocht fheiceálach iad teaschaidéil i ngach cás agus i ngach earnáil. Is gá an teicneolaíocht a chur isteach ar scála le hastaíochtaí a laghdú go tapa.
- Úsáidtear breoslaí soladacha agus gásacha bithmhaise baile i ngach cás. Teastaíonn rialachas cuí inbhuanaitheachta go náisiúnta le hastaíochtaí roimh ré a íoslaghdú, teacht le spriocanna ciorcláin agus bithghilleagair, agus astaíochtaí a sheachaint in earnálacha neamhfhuinnimh.
- Úsáideann bealaí astaíochtaí atá neodrach ó thaobh fuinnimh ag a bhfuil na hastaíochtaí carnacha is ísle níos mó teicneolaíochtaí téimh leictirigh. Tá níos mó astaíochtaí carnacha ag cásanna atá dírithe ar eangach gháis hidrigin.
- Teastaíonn amchlár le deireadh a chur le breosla iontaise i ngach earnáil a luaite agus is féidir le neodracht ó thaobh fuinnimh faoin mbliain 2050 a bhaint amach.



SEAI | Tuarascáil Bhliantúil 2022

Réamh-Mheastacháin na hÉireann

Cuimsíodh feabhsúcháin ar an gCreat Náisiúnta Samhaltaithe Fuinnimh (NEMF) i rith an tionscadail staidéir ar theas leis an bpróiseas a éascú chun Réamh-Mheastacháin Fuinnimh Nádúrtha a chur le chéile.

Cé go seoltar na réamh-mheastacháin seo ar aghaidh gach bliain, feabhsaíodh an NEMF lena cheadú eolas níos mionsonraithe faoi bheartas a chuimsiú níos dinimiciúla de réir mar a bhíonn sé ar fáil chun leaganacha cothrom le dáta de chásanna malartacha réamh-mheastacháin a chur ar fáil go leanúnach i gcaitheamh na bliana. Ceadáíonn seo leaganacha leanúnacha de bhearta a chur ar fáil agus measúnacht tionchair a dhéanamh ar bhearta ón bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide is déanaí agus ó ghealltanais eile a luaitear chun anailís níos saincheaptha agus níos tráthúla a sholáthar lasmuigh den timthriall bliantúil réamh-mheastachán. Feabhsaíodh an tsraith aschur agus léirshamlú sonraí chomh maith chun

barr feabhais a chur ar thrédhearcacht toimhdí samhla agus comhthéacs a chur leis na réamh-mheastacháin ar bhuiséid charbóin agus theoracha Eorpacha. Ceadáíonn seo tagarmharcáil níos fearr a dhéanamh ar chonairí féideartha agus an t-idirghníomhú a léiriú idir spriocanna ábhartha d'Éirinn atá réamh-mheasta go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin.


An Tuarascáil Fuinneamh in Éirinn 2022

Nuashonraíodh ár dtuarascáil údaráisach ar sholáthar agus claoclú fuinnimh agus éileamh earnála ar fhuinneamh na hÉireann i mí na Nollag 2022. Bhí díriú nua sa tuarascáil ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh dár mbuiséid charbóin, agus ar úsáid níos mó a bhaint as sonraí sealadacha míosúla le staitisticí fuinnimh níos tapúla a sholáthar.

Thug roinnt príomhléargais le fios gur tháinig méadú 5.4% in 2021, go mór mór mar gheall ar mhéadú 7.1% ar éileamh

ar fhuinneamh ón earnáil iompair mar gheall ar theacht aniar ó Covid-19, agus go raibh úsáid níos mó á baint as gual agus ola le leictreachas a ghiniúint. Tugadh chun solais sa tuarascáil freisin athruithe ar thorthaí sciar fuinnimh in-athnuaite (RES) na hÉireann, de réir mar a bhog an AE ón gcéad treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite (RED) chuig an dara treoir (REDII) in 2021.

Tugtar chun solais sa tuarascáil an gá atá le haistriú go tapa ó bhreoslaí iontaise go hathnuaiteáin le soláthar glan agus slán a chinntiú, agus an gá atá lenár nginiúint leictreachais in-athnuaite agus ár n-aistriú chuig teicneolaíochtaí atá curtha chun cinn ag an bhfuinneamh glan seo a mhéadú.



Tacú le taighde

Tacaíonn Roinn Taighde agus Teicneolaíochta an SEAI le réitigh le húsáid agus córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú.

Is éard atá sa Roinn saineolaithe anailíseacha, teicniúla, agus limistéar ábhair ó chúlraí innealtóireachta, eolaíochta nó óna mhacasamhail de chúlraí teicniúla atá dírithe ar réitigh a fhorbairt ar an dúshlán a bhaineann le córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú.

This Áirítear leis seo foirne sna limistéir seo a leanas: cistiú taighde, leictreachas in-athnuaite (ar an gcladach agus amach ón gcósta), teas dhícharbónaithe (téamh, fuarú agus bithfhuinneamh), taighde idirnáisiúnta ar fhuinneamh a chothú agus nuálaíocht a chomhordú.

Tacaíonn siad le agus soláthraíonn siad an t-eolas teicniúil ar a mbunaithear cinntí tábhachtacha beartais fuinnimh, a chuireann eolas ar fáil do agus a thacaíonn le tosaíochtaí taighde fuinnimh, a thacaíonn le forbairt margaidh laistigh den earnáil fuinnimh agus a chuireann ionadaíocht saineolaithe agus eolas poiblí ar fhuinneamh inbhuanaithe.

Chuir siad feabhas breise i rith 2022 ar chumas taighde ar fhuinneamh na hÉireann trí thart ar €19 milliún a bhronnadh do thionscadail nua Taighde, Forbartha agus Taispeána agus sheol siad Clár Píolótach Comhaltachta an SEAI. De bhreis air sin, chuir an SEAI feabhas ar chomhordú náisiúnta ar taighde fuinnimh trí chomhchistiú a ghairíl ó chomhpháirtíocht straitéiseach agus an Fóram Maoinitheoirí Taighde Fuinnimh

a chruthú dá ndéantar ionadaíocht i measc roinnt ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit. D'éascaigh an SEAI taighde ar fhuinneamh, an lucht déanta beartas, a tionscal agus saoránaigh a cheangal trí Chomhdháil Náisiúnta Taighde agus Bheartais Fuinnimh 2022: Claoclú Socháioch chun Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar, a bhain 591 toscaire amach.

Tar éis gur seoladh Staidéar Náisiúnta Teasa an SEAI in 2021, rinneadh clár teasa dhícharbónaithe an SEAI a oiriúnú leis an mbonn fianaise tábhachtach seo a léiriú do bhealaí teasa na hÉireann. Tháinig borradh faoin bhfoireann in 2022 agus cuimsíodh aonaid ar leith inti a fhiosraíonn téamh, fuarú agus téamh ceantair agus bithfhuinneamh. Bhí baint lárnach ag an bhfoireann le móiminteam mór náisiúnta, agus bhí sí gníomhach i bpríomhról ar choistí Rialtais, a sholáthraíonn anailís fhianaisebhunaithe, agus a chuir téamh ceantair agus inbhuanaitheacht bhithmhaise chun cinn.

Bronnadh €19 milliún do thionscadail nua taighde, forbartha agus taispeána.

Chuir an fhoireann Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta (ORE) leis an gcóras atá ar feitheamh atá faoi stiúir plean trí mheasúnuithe náisiúnta comhshaoil a chomhordú. Lean foireann ORE ag tacú le forbairt teicneolaíochta a thabhairt chun cinn trí am tástála gléasanna a chistiú trí Chlár Rochtana Tionscail LIR 2022 an SEAI agus oibreacha Láithreán Tástála

Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS) ar an gcladach a thabhairt chun cinn. Bhí príomhról ag an bhfoireann Gaoithe agus Leictreachais le tacú le gníomhartha CAP DECC a bhaineann le straitéisí leictreachais in-athnuaite réigiúnacha agus údarás áitiúil agus lena Threochlár do Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta Corparáidí Leictreachais In-Athnuaite a fhorbairt. Le tacaíocht bhreise, agus tar éis riachtanais Ard-Stiúirtheacht na hIomaíochta de chuid an AE a shásamh, chríochnaigh an SEAI an suirbhé bonnlíne ar Fhearta Comhphobail atá sainordaithe sa Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite (RESS).

Rinne an Roinn Taighde agus Teicneolaíochta ionadaíocht d'Éirinn thar lear ag COP27 an UNFCCC san Éigipt mar an toscaire náisiúnta, neartaigh sé comhoibriú idir Éirinn agus an Fhrainc trí Mheabhán Tuisceana le Gníomhaireacht um Aistriú Éiceolaíochta na Fraince (ADEME) agus rinne sé ionadaíocht d'Éirinn mar cheannaire colúin d'fhuinneamh in-athnuaite muirí ag Straitéis DG MARE an Atlantaigh de chuid an AE. I rith 2022, d'fhás an fhoireann gníomhaíocht Chlár Comhoibríthe Teicneolaíochta na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) de chuid na hÉireann, agus cuireadh 35 saineolaí nua Éireannach leis.

I suirbhé náisiúnta faoinar thug an tionscadal agus a foilsíodh in 2021, thug breis agus dhá thrian d'fhreagróirí le fios go ndéanfaidís breithniú ar infheistiú i bhfeirm ghaoithe áitiúil dá mbeadh an deis acu. I suirbhé náisiúnta faoinar thug an tionscadal agus a foilsíodh in 2021, thug breis agus dhá thrian d'fhreagróirí le fios go ndéanfaidís breithniú ar infheistiú i bhfeirm ghaoithe áitiúil dá mbeadh an deis acu.

Ó chlé: An Dr Ellen O' Connor (Comhalta Taighde), an Dr Bernadette Power (Ceannasaí an Tionscadail) agus an Dr John Eakins (Comh-Imscrúdaitheoir)



I suirbhé náisiúnta faoinar thug an tionscadal agus a foilsíodh in 2021, thug breis agus dhá thrian d'fhreagróirí le fios go ndéanfaidís breithniú ar infheistiú i bhfeirm ghaoithe áitiúil dá mbeadh an deis acu.

Comhthionscadal gaoithe: cur chuige nuálach i leith ceadúnas sóisialta a bhaint amach

AN TIONSCADAL

Tá mar aidhm ag an tionscadal taighde bearta a shainaitheant atá dírithe ar rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht, deiseanna d'infheistiocht dhíreach agus comhúinéireacht i dtionscadail ag an bpobal agus cleachtas reatha a fheabhsú ag forbróirí i scéimeanna tairbhe pobail a oibriú.

NA TORTHÁI

I suirbhé náisiúnta faoinar thug an tionscadal agus a foilsíodh in 2021, thug breis agus dhá thrian d'fhreagróirí le fios go ndéanfaidís breithniú ar infheistiú i bhfeirm ghaoithe áitiúil dá mbeadh an deis acu agus dúirt nach mór leath na bhfreagróirí go méadódh deis le scaireanna a cheannach i bhfeirm ghaoithe a dtuileanas aontú le tuirbín a lonnú laistigh de 1km dá n-áit chónaithe. Beidh aschur breise taighde ar fáil nuair a chríochnófar an tionscadal go déanach in 2023.

Feidhmeanna Tarmligthe

Rinne an SEAI freagracht a tharmligean ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le Faireachas ar an Margadh do lipéadú fuinnimh agus éiceadhearadh agus Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh.

An tÚdarás um Faireachas Margaidh

Is é an SEAI anois an tÚdarás um Faireachas Margaidh (MSA) maidir le Treoir Éiceadhearaidh an AE agus rialacháin um lipéadú fuinnimh agus bonn an AE agus cuireadh reachtaíocht a d'achtaigh aistriú an MSA ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chuig an SEAI i bhfeidhm i mí na Nollag 2022.

Ar an ábhar sin, lean an SEAI ar feadh mhórchuid 2022, ag tacú leis an Aire ina cháil mar Údarás um Faireachas Margaidh.


Tháinig fairsingiú mór ar an Aonad MSA i rith 2022, mar ullmhú don Údarás um Faireachas Margaidh a ndéanfaí de, agus cuireadh roinnt ról nua leis le feabhas a chur ar chumas dlíthiúil agus teicniúil na foirne.

I rith 2022, rinne an SEAI cigireacht ar 110 asraon miondíola chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Rialacháin Lipéadaithe Fuinnimh an AE. Bhí 72% de na 20,873 táirge a ndearnadh cigireacht orthu comhlíontach, atá ar aon dul le treocht anuas i gcomhlíonadh atá

mar thoradh ar thosca coimhthíocha, paindéim Covid-19 (2020), lipéadú fuinnimh a athscálú (2021) agus an Breatimeacht, ar an eachtra is déanaí, ónar eascair gur measadh go raibh líon mór táirgí a bhí ar taispeáint neamhchomhlíontach mar gheall ar lipéad fuinnimh an RA a bheith orthu. D'fhoilsíomar ráiteas maidir le lipéid fuinnimh an RA a thaispeáint agus a sholáthar agus tá idirchaidreamh á dhéanamh againn le miondíoltóirí agus déantúsóirí maidir leis an tsaincheist seo. Dá réir sin, táimid muiníneach go dtiocfaidh feabhas ar leibhéal chomhlíonta arís go gairid amach anseo.

Rinne an SEAI cigireacht freisin ar 85 láithreán gréasáin miondíoltóra agus 35 fógra chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh lipéadaithe. Cé go bhfuil an líon cásanna neamhchomhlíonta sách ard i gcónaí, cothaíodh an feabhsú suntasach a tháinig ar chomhlíonadh anuraidh, go háirithe i measc láithreáin ghréasáin miondíoltóirí níos mó. Tagann feabhas ar chúrsaí trí idirchaidreamh le miondíoltóirí chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh, trí chigireachtaí, cruinnithe aghaidh ar aghaidh, seimíneáir ghréasáin, agus treoir maidir le comhlíonadh miondíoltóirí a sholáthar.

Chumhdaigh ár ngníomhaíocht faireachais réimse fairsing táirgí, táirgí intíre agus tráchtála araon, téamh, téamh uisce, soilsiú, fearais, caidéil uisce, mótair leictreacha, agus boinn san áireamh. Tar éis scagadh margaidh agus measúnú riosca a dhéanamh, thugamar faoi mheasúnuithe comhlíonta ar 215 táirge agus rinneamar tástáil saotharlainne ar 30 táirge, agus chuamar i mbun gnímh chun dul i ngleic le roinnt neamhchomhlíonta. D'fhorbraíomar treoir freisin, san áit ar theastaigh sé, chun tacú le déantúsóirí na rialacháin a chomhlíonadh. Ghlacamar páirt i dtionscadal ilbhliantúil EEPLIANT3 an AE (2019-2023) agus thugamar faoi chomhghníomhaíochtaí le MSAanna ó thíortha eile AE. Trí na tionscadail seo, roinnimid dea-chleachtas agus oibrímid le chéile i bhfeachtais chomhordaithe faireachais margaidh. Rinneamar pacáiste oibre Uirlisí TF a stiúradh agus súil againn leis go ngiarálfaidh sé intleacht shaorga, róbataic, agus teicneolaíochtaí ransaithe gréasáin chun cabhrú linn dul i ngleic le leithead agus scála ár bhfreagrachtaí. Ina theannta sin, rinneamar córas bainistíochta cásanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme ag féachaint le feabhas suntasach a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár n-oibre.



Chumhdaigh ár ngníomhaíocht faireachais réimse fairsing táirgí, táirgí intíre agus tráchtála araon, téamh, téamh uisce, soilsiú, fearais, caidéil uisce, mótair leictreacha, agus boinn san áireamh.

An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh

Tá oibleagáid ar na cuideachtaí is mó fuinnimh a oibríonn in Éirinn coigiltí bliantúil éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS).

Leis na spriocanna a bhaint amach, tacaíonn siad le háiteanna cónaithe, gnólachtaí, agus eagraíochtaí eile infheistiú i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh cosúil le teaschaidéil, insliú, agus feithiclí leictreacha. Caithfidh rannpháirtíocht na bpáirtithe ar a bhfuil oibleagáid a bheith ábhartha i dtaobh na gcoigiltí fuinnimh atá á mbaint amach, ar féidir leo a thaispeáint, mar shampla, trí ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh i dtreo tionscadal (go minic ar aon dul le deontais an SEAI, san áit a bhfuil siad ar fáil) nó a chuireann tacaíochtaí praiticiúla ar fáil cosúil le hiniúchtaí ar cháilíocht agus coigiltí a thomhas agus a fhíorú. Ainmníodh an SEAI mar riarthóir na scéime agus tá freagracht air as maoirseacht ar chomhlíonadh, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith spriocanna agus an scéim a sholáthar. Tá córas bainistíochta daingean cáilíochta ann a bhuntacaíonn leis an scéim, lena chinntiú nach nglactar ach le coigiltí incháilithe.


Tugadh an scéim isteach i dtosach in 2014 mar an príomhbheart beartais chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 na hÉireann a bhaint amach faoi Airteagal 7 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, anuas ar bhearta beartais malartacha eile. I ndiaidh go ndearnadh an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a athmhúnlú in 2018, teastaíonn roinnt bearta malartacha le sprioc Airteagal 7 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh na hÉireann 2030 a bhaint amach. I ndiaidh tréimhse chomhairliúcháin ag an Aire go dtí 2021, foilsíodh rialacháin nua i nDeireadh Fómhair 2022 do chéim nua den scéim a réachtálfar ó 2023 go 2030.

Tugadh spriocdháta níos faide do pháirtithe faoi oibleagáid dá spriocanna 2022 (go dtí Meitheamh 2023), chun tacú lena n-aistriú chuig na riachtanais nua. Bhain siad beagán de bhreis ar 198 GWh de choigiltí deiridh amach laistigh de 2022 i measc a

dtrí limistéar fosprice (neamhchónaithe, cónaithe agus bochtaineacht fuinnimh).

Baineadh coigiltí thart ar 151 GWh amach san earráil neamhchónaithe, trí 93 tionscadal aonair i measc 350 suíomh ar fud na hÉireann. Bhain páirtithe faoi oibleagáid na coigiltí seo amach trí thacú le heagraíochtaí i measc réimse fairsing earnála, cosúil le fáilteachas, miondíol, iompar, eagraíochtaí earnála poiblí agus tionscal trom, déiríocht, drioglanna, agus cógaisíocht san áireamh. Baineadh 95% de na coigiltí seo amach trí fheabhsúcháin ar an bpróiseas tionsclaíoch, uasghrúduithe téimh, tionscadail iompair, uasghrúduithe aeraithe agus fuaraithe, tionscadail soilisithe agus uasghrúduithe creatlaí.

- Baineadh coigiltí beagán de bhreis ar 47 GWh amach trí nach mór 9,400 uasghrádú fuinnimh baile, coigiltí thart ar 8.6 GWh san áireamh in áiteanna cónaithe a bhí thíos le bochtaineacht fuinnimh.
- Baineadh beagnach leath na gcoigiltí amach trí thacú le glacadh le bearta éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhar le scéimeanna deontais an SEAI. Astu seo, ba iad bearta inslithe agus téimh ba choitianta, agus iarfheistiú níos doimhne le bearta iolracha.
- Baineadh breis agus 25 GWh de na coigiltí cónaithe amach lasmuigh de scéimeanna deontais an SEAI. Rinne luchtairí feithiclí leictreacha a shuiteáil an rannchuidiú ba mhó anseo, agus rinne uasghrúduithe téimh, teaschaidéil, go príomha, an dara rannchuidiú ba mhó. Tacaíodh freisin le rialuithe téimh, iarfheistithe níos doimhne le bearta iolracha agus uasghrúduithe fabraice.



Tugadh an EEOS isteach i dtosach in 2014 mar an príomhbheart beartais chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 na hÉireann a bhaint amach faoi Airteagal 7 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, anuas ar bhearta beartais malartacha eile.

Rialachas

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh	66
Freagracht Shóisialta Chorporáideach ag an SEAI	67
Rialachas Corporáideach	69
Tuarascáil ar Rioscaí an SEAI	71

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Léirítear i bhfeidhmíocht fuinnimh an SEAI don bhliain 2022 feabhsú 55% ar bhliain bhonnlíne 2009. Tháinig méadú, áfach, ar bhonn bliain ar bhliain, ar idiú fuinnimh díreach an SEAI d'oifigí mar thoradh ar an bhfillleadh ar oifigí tar éis Covid, agus bhí leibhéil i bhfad níos airde áitíochta ann ó lár 2022.

Tagann feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh an SEAI

- Nuair a laghdaímid úsáid fuinnimh trí ghníomhaíocht laghdaithe éilimh
- Nuair a bhaintear an méadú riachtanach amach ar achar urláir trí sheirbhísí nó úsáid níos éifeachtúla foirgnimh
- Nuair a fheabhsaítear an éifeachtúlacht náisiúnta chumhachta nó an ranniocaíocht le hathnuaiteáin agus nuair a fheabhsaítear an bhunfhachtóir tiontaithe fuinnimh a eascraíonn sa sin.

Ghlac gach ceann de na trí thoisic thuas le ról i bhfeabhsú éifeachtúlachta fuinnimh 55% an SEAI ón mbliain bhonnlíne, a chiallaíonn gur sháraigh an SEAI a sprioc 2050 cheana féin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Ghlac aistriú an SEAI chuig foirgneamh nua oifige ag a bhfuil rátaíl A3 in 2019 le ról mór ann seo.

Tá Foireann an SEAI fíorghníomhach, agus díríonn siad go príomha ar dhícharbónú fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh anuas ar an treochlár eagraíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt. De réir mar a thugaimid fillleadh ar níos mó gníomhaíocht oifigbhunaithe faoi deara, tá plean againn deimhniúchán ISO50001 a bhaint amach arís.

Chomhlíon an SEAI a oibleagáidí go hiomlán i rith gheimhreadh 2022/23 faoin sainordú 'Laghdaigh d'Úsáid' do gach comhlacht earnála poiblí. Tá feabhsú ar laghdú fuinnimh a mhéid le 30% ar théamh agus ar shoilsiú á bhaint amach againn faoi láthair. Baineadh é seo amach trí athruithe ar an leibhéal soilisithe agus ar rialuithe cliste, a dhéanann pointe socraithe seirbhísí fuinnimh téimh a choigeartú go dtí 19 gcéim Celsius, agus a dhéanann iniúchtaí agus seiceálacha oibríochta rialaithe. Caithfear é seo a bhailíochtú trí mhodheolaíocht cuí fíoraith.

Thacaigh an SEAI leis an sainordú Laghdaigh d'Úsáid a chur i bhfeidhm, agus chomhoibrigh siad le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tacú le feachtais feasachta fuinnimh ar fud na hearnála poiblí. Rinneamar idirchaidreamh le 224 comhlacht earnála poiblí ar cuireadh an tacaíocht agus na hacmhainní seo ar fáil dóibh, arb ionann iad agus 81% d'fhuinneamh na hearnála poiblí. Sholáthair an SEAI Clár Luathaithe um Dhaoine a Spreagadh chun Gnímh freisin le hoiliúint agus tacaíocht a sholáthar d'eagraíochtaí chun clár rannpháirtíochta foirne a fhorbairt maidir le fuinneamh san ionad oibre. Tosaíodh é seo sa cheathrú ráithe in 2022 agus bhí 19 gcomhlacht phoiblí rannpháirteach, arbh ionann sin agus bille fuinnimh níos má ná €60 milliún.

Cé gur tháinig feabhas 55% ar éifeachtúlacht fuinnimh tar éis gur aistríodh ár gceanncheathrú nua i mBaile Átha Cliath, tháinig méadú 50% ar ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) aníos ónár mbonnlíne GHG (meán 2016-2018). Ba é ba phríomhchúis leis seo gur bhaineamar ár n-idiú fuinnimh ab ísle amach sa bhliain bhonnlíne inár n-iar-cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath ag a raibh lorg urláir i bhfad ní ba lú. Is ionann spás urláir an fhoirgnimh nua agus breis agus dhá oiread an spáis a bhí sa láthair roimhe seo le freastal ar an méadú suntasach ar an líon foirne, ar tháinig méadú breis agus faoi dhó air ó 2019. Cé go bhfuil an foirgneamh nua i bhfad níos tiosaí ar fhuinneamh ná an foirgneamh roimhe seo, tháinig méadú ar an mbunfhachtóir fuinnimh mar gheall go bhfuil aerú meicniúil, seachas aerú nádúrtha sa cheanncheathrú nua agus gur theastaigh rátaí cúrsaíochta ní ba mhó agus d'eascair cóireáil mhéadaithe air agus éileamh méadaithe ar fhuinneamh sa seo.

Cheadaigh Bord an SEAI chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an SEAI agus is féidir súil a chaitheamh air ar ár láithreán gréasáin. Tá roinnt gníomhartha sa treochlár go 2030, breithníú ar dhícharbónú iomlán an chórais téimh agus úsáidí eile, gníomhartha laghdaithe éilimh ar fhuinneamh san áireamh, sa mhullach ar ghníomhartha sainordaithe Laghdaigh d'Úsáid agus

athdheimhniúchán ISO50001. Déanfaimid breithníú freisin ar na tairbhí fuinnimh is féidir a bhaint ó obair chumaise de réir mar a leanann an lucht saothair san SEAI ag dul i bhfairsinge chun ár sainordú a chomhlíonadh.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar úsáid fuinnimh i measc na gceithre oifig agus na bhfeithiclí cuideachta.

ÚSÁID FUINNIMH	2022	2021
IDIÚ DÍREACH D'OIFIGÍ AGUS GLUAISTEÁIN CHOMHROINNTE	250,730	235,290
Leitreachas: Soilsiú, TFC, Cumhacht Oifige, Téamh, Aerú agus Aerchóiriú (HVAC) + 2 Fheithicil Leitreacha + 3 Phointe Luchtaithe Feithicil Leitreacha (EV) (kWh TFC)		
Gás nádúrtha téimh (kWh TFC)	197,596	206,799
Ola gháis mharcáilte téimh (kWh TFC)	0	0
LPG téimh (kWh)	8,390	6,305*
Iomlán d'Idiú Díreach	456,716	448,394*
Astaíochtaí CO₂ (kg)	124,515	127,787*

* Tugadh le fios gurbh é an figiúr seo 4,664 i leagan 2021 na cáipéise seo agus ba bhotún é seo, ceartaíodh é sa cháipéis seo ar mhaithe le comparáid.

** Ní hionann an figiúr seo agus an figiúr a tugadh le fios i leaganacha 2021 na tuarascála seo i ndiaidh an t-athrú ar LPG a cheartú.

Freagracht Shóisialta Chorparáideach ag an SEA

Léiríonn an SEAI Freagracht Shóisialta Chorparáideach, nó CSR, go gníomhach ar leibhéal eagraíochta agus tá sí mar chuid lárnach den phlé lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla.

Tá an SEAI páiseanta faoi inbhuanaitheacht agus lorgaimid, trinár ndaoine, ár bpróisis agus ár gcláir, tionchar dearfach ar an tsochaí, fostaithe, páirtithe leasmhara, agus an comhshaol a chur chun cinn.

Leanamar in 2022 mar shochaí, ag teacht as an bpaindéim ach, mar sin féin, bhí gá práinneach ann le cabhrú le saoránaigh mar gheall ar thionchar an chogaidh san Úcráin ar phraghsanna fuinnimh a bhí ag dul i méid agus bhí ar eagraíochtaí díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh. Leanamar ag díriú ar thacaíochtaí folláine agus solúbtha a sholáthar don fhoireann a lean ag obair go cianda, den chuid ba mhó, i rith an ama seo d'athrú agus d'éiginnteacht.

Tá cúig cholún CSR ann faoinar shocraíomar ár ngníomhartha:

- 1. An Pobal:** Idirghníomhú lenár gcomhpháirtithe agus ár n-eagraíochtaí pobail.
- 2. An Comhshaol:** Acmhainní 'laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil'.
- 3. An Áit Mhargaidh:** Cinntí freagracha tráchtála a dhéanamh le soláthraithe agus custaiméirí.
- 4. An tIonad Oibre:** Tacú le fostaithe agus iad a spreagadh chun gnímh.
- 5. Ár gCumarsáid agus Rialachas:** Conas a chuirimid in iúl ár gcleachtais ghnó inbhuanaithe agus cén cinn díobh a chuirimid in iúl

Éachtaí go dtí seo

1. The Pobail we tacaíocht

Sa bhliain 2022

- Sholáthraíomar tacaíocht dhíreach trí mheantóireacht agus comhairle a sholáthar ar líonra náisiúnta 700 pobal fuinnimh inbhuanaithe ar fud na tíre a leanann ag fás bliain ar bhliain.
- Sholáthraíomar tacaíocht dhíreach do 24 tionscadal fuinnimh pobail.
- D'fhorbraíomar an scéim tacaíochta pobail fuinnimh in-athnuaite.
- Sholáthraíomar 760 ceardlann do scoileanna (múinteoirí agus scoláirí).



2. An Comhshaol a chosnaímid

Cé go bhfuil an inbhuanaitheacht i gcoilár gach rud a dhéanaimid san SEAI – is é fuinneamh inbhuanaithe an rud is mó a ndírímid air. Déanaimid breithniú ar fhuinneamh inbhuanaithe bunaithe ar dhá ghné –

1. An fuinneamh a úsáidimid mar eagraíocht, agus
2. An úsáid fuinnimh a spreagaimid trinár gcláir.

Maidir lenár n-úsáid fuinnimh féin;

- Foirgneamh atá inár gceannoifig a bhaineann rátáil A3 amach agus leanaimid ag foghlaim faoi conas úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an bhfoirgneamh seo, agus as aon fhoirgneamh a áitimid, agus úsáid breoslaí iontaise a laghdú.
- Tá Foireann Ghlas atá go hiomlán gníomhach againn a chasann dhá uair sa mhí agus ina bhfuil bainistíocht

agus foireann ó áiteanna ar fud na heagraíochta. Cloímid le bainistíocht fuinnimh deachleachtais agus bhaineamar creidiúnú i leith ISO 50001 amach roimhe seo.

- Déanann Stiúrthóir an SEAI cathaoirleacht ar an bhFoireann Ghlas agus tacaíonn Bord an SEAI, an POF agus an Fheidhmeannacht leo.
- Ba é sainordú na Foirne Glaise in 2022 díriú go príomha ar an úsáid a bhainimid as breoslaí iontaise a laghdú agus leanúint le feabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe inár gceannoifig nua de réir mar a fhilleamar ar na hoifigí.
- Chuireamar sainordú an Rialtais i bhfeidhm lenár n-úsáid fuinnimh a laghdú i rith gheimhreadh 2022 agus 2023.

Anuas air sin, leanamar i rith 2022 lenár lorg coise comhshaoil a laghdú freisin lasmuigh de scóip ár n-úsáide fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Páipéar printéara athchúrsáilte agus málaí tae inmhúirínithe a cheannach, laghdú ar earraí plaisteacha a cheannaítear (cupáin agus suaitheantais ainm), agus taighde ar bheartais ghlasa soláthraithe
- Cupáin uisce phlaisteacha a bhaint
- Leabharlann chomhroinnte leabharlainne fostaithe.
- Úsáid leanúnach a bhaint as cupáin chaife, sceanra agus coimeádáin inmhúirínithe bia beir leat
- Dramhaíl oifige a leithdheighilt go leanúnach
- Oifig gan pháipéar a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta



Éachtaí go dtí seo (ar leanúint)

3. An Áit Mhargaidh:

Tá gnó an fhuinnimh inbhuanaithe ag fás gach lá, agus baineann seo leis an dara gné dá dtagraítear thuas, is é sin, **an úsáid fuinnimh a n-imrímid tionchar uirthi.**

Tá gníomhaíocht gnó fuinnimh inbhuanaithe á cruthú ag ár gcláir i measc gach earnála, agus táimid ag cabhrú leis na margat a fhorbairt a bhaineann le dea-chleachtais agus caighdeán fuinnimh inbhuanaithe, an méid seo a leanas ina measc:

- Comhairle agus tacaíocht a sholáthar do shaoránaigh agus eagraíochtaí maidir le húsáid breoslaí iontaisea laghdú agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur ina n-ionad.
- Uasghráduithe fuinnimh baile
- Gníomhaíocht fuinnimh pobail.
- Dícharbónú Gnó agus Tionscail.
- Ceannaireacht ar Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí.
- Dícharbónú iompair, an t-aistriú chuig leictirí san áireamh.
- Giniúint fuinnimh in-athnuaite do leictreachas agus téamhand heat.

4. An tIonad Oibre a mbainimid taitneamh as

- Lean an SEAI i rith 2022 le foireann nua a earcú isteach san eagraíocht agus nuair a chuirtear an scála agus an luas ar a bhfuil an eagraíocht ag fás, díródh go háirithe ar ár gclár ionductúcháin foirne chun cabhrú le himeascadh isteach sna foirne agus san ionad oibre.
- Amar chuid den earcaíocht in 2022, d'earcaíomar Ceann Acmhainní Daonna nua agus Bainisteoir Foghlama agus Forbartha a thosaigh clár nua foghlama agus forbartha foirne.
- Thosaigh an SEAI clár claochlaithe in 2021 (Tionscadal Evolve), ar clár ilbhliana athraithe é laistigh den eagraíocht. Lean an SEAI le hathrú claochlaitheach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta trí réitigh nuálacha a dhearadh agus deiseanna a chur i bhfeidhm a mhéadaíonn scála agus a thugann aghaidh ar an sainordú a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Anuas air sin, agus le folláine ár bhfoirne a spreagadh agus tacú léi, tá roinnt tionscnamh ar líne agus san oifig á socraithe againn, ranganna ióga, seimineáir ghréasáin ábhartha aireachais, agus maidineacha caife ar fud na heagraíochta san áireamh.
- Soláthraímid Clár Cúnaímh d'Fhostaithe saor in aisce a sholáthraíonn sainchomhairleoireacht rúnda, cóitseáil tuismitheora agus gairm bheatha, sainfhaisnéis neamhtheoranta, agus tairseach folláine ar líne dár bhfoireann dhíreach agus indíreach agus dá dteaghlai.
- Tá Coiste gníomhach Comhionannais, Ionchuimsithe agus Éagsúlachta againn a chuaigh i mbun sainchomhairleoireachta ar fud na heagraíochta agus a d'fhorbair Straitéis EDI lena seoladh in 2023. De réir mar a leanamar ag filleadh ar an oifig agus a d'earcaíomar foireann nua in 2022, sholáthair cianoibriú léargas dúinn ar conas a fhéadaímid Straitéis Comhionannais, Ionchuimsithe agus Éagsúlachta nua a ullmhú don todhchaí.
- Lean gníomhaíocht Sláinte agus Sábháilteachta Fostaithe i dtimpeallacht chianoibre, measúnuithe eirgeanamaíocha agus cainteanna faoi sraith straitéisí san áireamh ar shaincheisteanna ábhartha.
- Cuirtear Scagthástáil Sláinte agus Folláine Fostaithe ar fáil do gach foistáí.
- Tionscnamh atá faoi stiúir fostaithe é an Grúpa Mná i bhFuinneamh de chuid an SEAI a thacaíonn le agus a spreagann rannpháirtíocht ban san earnáil fuinnimh.



5. Ár gCumarsáid

Tá baint lárnach ag an mbealach a dhéanaimid an teachtaireacht fuinnimh inbhuanaithe a chur in iúl go himmheánach agus go seachtrach i ngníomhaíocht uile an SEAI.

- **Déanaimid dea-chleachtas a chur in iúl, roinnimid cás-staidéir, agus soláthraímid faisnéis, eolas agus saíneolas faoi fuinneamh inbhuanaithe do gach cuid den tsochaí.**
- Príomhchólún de Thionscadal Evolve a bhí ar thús cadhnaíochta an chláir in 2022 is ea díriú ar Chustaiméirí agus athbhreithniú iomlán ar thuras an chustaiméara le cuíchóiriú agus éifeachtúlacht a chumasú.
- Tugadh faoi athbhreithniú ar chumarsáid in go leor codanna den eagraíocht agus is próiseas leanúnach é le seirbhís níos fearr a chinntiú. Áirítear leis seo athbhreithniú ar ár láithreáin ghréasáin, ár bpróiseas iarratais agus ár gcairt chustaiméirí.



Rialachas Corparáideach

Tá Ráiteas Rialachais foriomlán an SEAI agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, leagtha amach sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2022 a ghabhann leis seo.

DEIMHNIÚ RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH SWIFT 3000/ MEASÚNÚ SEACHTRACH

I mí Aibreáin 2011, ba é an SEAI an chéad eagraíocht san Eoraip, poiblí nó príobháideach, ar bronnadh deimhniú uirthi faoi chaighdeán SWIFT 3000 an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

Is caighdeán é seo a bhain le Cód Cleachtais do mheasúnú Rialachais Chorparáidigh in Éirinn. Is é an cuspóir measúnú a dhéanamh ar chreataí rialachais chorparáidigh eagraíochtaí agus go sonrach, an leibhéal comhlíonta ag eagraíochtaí le cóid rialachais agus dea-chleachtas. Rinneadh athbhreithniú breise ar chomhlíonadh an SEAI le ceanglais SWIFT 3000 i mí na Nollag 2020 agus cuireadh an toradh faoi bhráid Bhoird an SEAI i Nollaig 2020. Ag eascairt ón measúnú is déanaí seo, choinnigh an SEAI an deimhniú tábhachtach seo um rialachas corparáideach. Mar sin, leanann an SEAI ar aghaidh ag feidhmiú de réir caighdeán dea-chleachtas rialachais chorparáidigh. Cuimsíonn próiseas deimhniúcháin SWIFT 3000 athbhreithniú seachtrach cuimsitheach ar struchtúir, próisis, nósanna imeachta agus ábhar Bhoird an SEAI lena n-áirítear comhlíonadh reachtaíocht an SEAI, Creat Chód Rialachais an SEAI, Dearbhuithe Leasa ag comhaltaí Boird, agus feidhmiú Coistí Boird srl.

RIALACHAS

Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inbhuanaithe an phríomhfhoinsé rialachais chorparáidigh don SEAI, ceanglaítear ar an ngníomhaireacht freisin cloí le raon forálacha reachtúla eile (Náisiúnta agus AE) agus ceanglais riaracháin. Dearbhaíonn an SEAI gur chomhlíon sé a oibleagáid chun na ceanglais seo a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais shonracha:

Riachtanais Ghinearálta Riaracháin agus Bheartais

Ar an leibhéal náisiúnta, oibríonn an SEAI go dlúth leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí stáit. Tá sé seo riachtanach i gcomhthéacs a chuspóirí a chur chun cinn agus a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, riaracháin agus Aire/Rialtais. Ar an leibhéal áitiúil, oibríonn an SEAI go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt go réamhghníomhach. Tá sé seo mar bhonn agus mar thaca ag an gCuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go mbeidh an SEAI lárnach chun geilleagar ísealcharbóin a thabhairt chun críche trí bhearta agus trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an aistriú go geilleagar níos cliste agus todhcháí fuinnimh níos inbhuanaithe. Déantar an obair agus an idirghníomhaíocht seo de réir na dtreoracha beartais éagsúla a d'eisigh

an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

I mí Mheán Fómhair 2016, ghlac Bord an SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Soláthraíonn an SEAI faisnéisí do chomhaltaí an Bhoird ar riachtanais an Chóid agus tá raon gníomhartha, nósanna imeachta agus tionscnamh curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Mar a luadh thuas, déantar meastóireacht freisin ar an SEAI ar a chomhlíonadh leis an gCód seo faoi phróiseas deimhniúcháin SWIFT 3000. Ina theannta sin, tá a Chreat Cód Rialachais iomlánaíoch féin ag an SEAI don eagraíocht, a chuimsíonn ceanglais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Bord an SEAI athbhreithniú ar an gCreat um Chód Rialachais seo ar bhonn bliantúil agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an SEAI www.seai.ie.

I bhfianaise an chúlra seo, deimhníonn an SEAI go bhfuiltear ag cloí leis na Codanna seo a leanas den Chód Cleachtais a d'eisigh an tAire Airgeadais.

MÍR 1: RÓL AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, seasmh airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin an SEAI.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an SEAI trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad an 15 Eanáir 2022.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar neamhrialtachtaí eile. Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an SEAI léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an SEAI an 31 Nollaig 2022.

MÍR 1.2: CAIGHDEÁIN EITICIÚLA:

Faoi mar a luaitear thuas, tá Creat Cód Rialachais ar leith ceaptha ag Bord an SEAI, i gcomhairle le bainistíocht shinsearach an SEAI. Leagtar amach ann seo na struchtúir agus na nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil na socrúithe rialachais agus cuntasachta láidir agus éifeachtach ar fud an Údarás. Áirítear sa Chreat seo Cód Iompair Gnó do chomhaltaí an Bhoird, an t-iompar atá riachtanach ag cruinnithe Boird. Ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar bhaill foirne ainmnithe freisin an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh ar bhonn bliantúil.

MÍR 1.7: CEISTEANNA A BHFUIL CINNEADH LE DÉANAMH AG AN MBORD ORTHU

Tá Sceideal Cúrsaí foirmeálta ceadaithe ag Bord an SEAI atá forchoimeáidte go sonrach aige lena chinneadh, lena chinntiú go bhfuil treoir agus rialú an chomhlachta go daingean ina lámha. Leagtar seo amach i gCreat Cód Rialachais an SEAI.

MÍR 1.11: COIMHLINT LEASA

Tá nósanna imeachta cuimsitheacha bunaithe ag Bord an SEAI chun monatóireacht agus bainistíú a dhéanamh ar choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir lucht bainistíochta agus comhaltaí an Bhoird.

MÍR 1.14: NOCHTADH COSANTA

D'fhaomh Bord an SEAI ag a chruinniú an 2 Samhain 2022, Cairt Bheartais um Nochtadh Cosanta leasaithe (Sceithirí), ina gcuirtear san áireamh na ceanglais nua a eascraíonn as an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Déantar é seo a athbhreithniú ar bhonn bliantúil mar chuid den athbhreithniú ar Chód Rialachais an SEAI.

MÍR 1.17: RÁITEAS STRAITÉISE

Cumhdáitear i Straitéis an SEAI "Réabhlóid Fuinnimh na hÉireann a Sholáthar" an tréimhse ó 2022 go 2025 agus sheol an tAire é go foirmiúil i Meitheamh 2022 agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an SEAI, www.seai.ie. Cheadaigh an Bord an straitéis agus cuireadh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide í i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

MÍR 6: Tuirisciú Gnó agus Airgeadais

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais an SEAI agus cuirtear faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad le Tuarascáil Bhliantúil an SEAI i gcomhréir leis an Acht um Fhuinneamh Inbhuanaithe, 2002. Áirítear leis seo scrúdú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach bliantúil (SIC).

Cuireann an Cathaoirleach na tuarascálacha seo isteach de réir na gceanglas atá leagtha amach in Alt 1.9 de na ceanglais Ghnó agus Airgeadais den Chód athbhreithnithe. Maidir leis seo, deimhníonn an SEAI go gcomhlíonann sé beartas an Rialtais maidir le luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus luach saothair na mball foirne eile de réir na socrúithe atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe. Ina theannta sin, comhlíonann an SEAI na treoirínte

a bhaineann le táill le Cathaoirleach agus Stiúrthóirí/comhaltaí Comhlachtaí Stáit. Tá sceideal táill agus speansas an Bhoird do chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas Rialachais.

MÍR 7: Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach

MÍR 7.1: BAINISTÍOCHT RIOSCA
Forbraíodh measúnú riosca agus beartas bainistíochta cuimsitheach san SEAI agus tá an creat bainistíochta riosca iomlán faofa ag an mBord. Tá sásraí cuí bunaithe ag Bord an SEAI agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go hiomlán agus go ndéanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar a éifeachtúlacht.

MÍR 7.4: ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTACHT AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Coinníonn agus feidhmíonn an SEAI córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Athbhreithníonn na hiniúchóirí inmheánacha seachfhoinsithe an córas rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil, agus bhí sé seo amhlaidh i leith 2022. Tá na ceanglais maidir leis an athbhreithniú seo, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, curtha i bhfeidhm i leith 2022.

Tá an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (SIC) gaolmhar le haghaidh 2022 faofa ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an SEAI agus ag an mBord. Deimhnítear an t-athbhreithniú sa litir bhliantúil ón gCathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, tá ráiteas an Chathaoirleach ar rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach leathanach 32).

MÍR 7.7: INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh ag an SEAI atá bunaithe go cuí i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil aige atá faofa ag an mBord.

MÍR 7.12: AN COISTE

INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA
Bhunaigh an SEAI Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag a bhfuil téarmaí tagartha sonracha, a d'fhaomh an Bord, agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil.

Mír 8: Ról Maoirseachta na Máthair-Roinne**MÍR 8.4: COMHAONTUITHE MAOIRSEACHTA**

Tá Creat foirmiúil Maoirseachta agus Feidhmíochta/Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an SEAI, agus déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Tar éis cainteanna idir an Roinn agus an SEAI, leathnaíodh an Comhaontú reatha.

MÍR 8.16: NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE SOLÁTHAR

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag an SEAI a chomhlíonann na tairseacha reatha luacha chun rialacha náisiúnta agus an AE a chur i bhfeidhm. Nós imeachta caighdeánach sa phróiseas soláthair seo is ea tairiscint iomaíoch.

MÍR 8.44: COMHLÍONADH CÁNACH

Deimhníonn an Cathaoirleach, sa litir ar leith a tugadh don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide gur chomhlíon an SEAI a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Treoirilinte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil

Tá an SEAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá clár oibre comhionannais agus éagsúlachta forásach ag an SEAI agus feidhmíonn sé roinnt scéimeanna a thugann deiseanna don fhoireann freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanra lena n-áirítear saoire staidéir, clár oideachais srl. Éascaíonn Próiseas Pleanála Feidhmíochta agus Fáis an SEAI forbairt ghairme agus phearsanta. Is mór ag an SEAI an éagsúlacht agus déanann sé a dhícheall a bheith ina fhostóir comhionannais ina spreagtar

rannpháirtíocht an duine aonair, agus ina gcuirtear luach ar éagsúlachtaí. Tá an SEAI tiomanta do thimpeallacht chothrom oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann ar fad.

larscríbhinn 2020 a ghabhann leis an gCód Cleachtais um chun Comhlachtaí Stáit a Rialú maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus lonchuimsiú

Bhí cúigear comhaltaí baineanna (42%) agus seachtar comhaltaí fireanna (58%) ag an mBord amháil an 31 Nollaig 2022. Baineann an Bord sprioc an Rialtais amach dá bharr go mbaintear ionadaíocht íosta 40% do gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit amach.

Leanfar de na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne ar an mBord seo a chothú agus chun tacú leis:

Beidh dlúth-chomhordú agus dlúthchomhar idir an SEAI agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le ceapacháin Boid. Is é an tAire a dhéanann ceapacháin boid, nuair a thagann siad chun cinn de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh, 2016. Cuirfead ceanglais larscríbhinn 2020 i bhfeidhm maidir le gach ceapachán Boid.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Déanann an tAcht seo, a thagann in ionad fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 1988, an dlí reatha a chomhdhlúthú agus a nuashonrú. Leanann an SEAI de bhearta cuí a ghlacadh chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora agus feasacht a chur chun cinn laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Cuimsíonn sé seo na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004.

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí foilsithe ag an SEAI, ina leagtar amach a thiomantas d'ardchaighdeán seirbhíse. Áirítear sa Chairt seo nós imeachta chun déileáil le gearáin, má thagann siad chun cinn. In 2022, fuarthas 261 gearán faoin gCairt seo. Tá sé seo ar fáil freisin ar www.seai.ie.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an SEAI faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002.

Tá sé mar bheartas ag an SEAI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, chun a chinntiú go n-íoctar ús déanach, más gá.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

De réir na hAchtanna thuas, tugann Comhaltaí Bhord an SEAI Ráitis Leasanna Íonta don Rúnaí gach bliain i gcomhlíonadh fhorálacha na hAchtanna. Ina theannta sin, comhlíonann baill foirne an SEAI, a bhfuil poist ainmnithe acu, an dá Acht.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Is comhlacht forordaithe é an SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus cloíonn sé go hiomlán leis na ceanglais atá leagtha amach sna hAchtanna. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise ag foi@seai.ie.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2004 agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an GDPR)

Tá an SEAI cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine chun príobháideachta agus chun smacht a fheidhmiú ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid faisnéis phearsanta. Cheap an SEAI Oifigeach Cosanta Sonraí (an OCS) ar féidir leo cabhrú le hábhair shonraí a gcearta a fheidhmiú faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Is féidir na hiarrataí siúd a sheoladh chuig dataprotection@seai.ie.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Tagann an SEAI faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh sa dlí an 14 Iúil 2003, chun creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 isteach sa dlí an 22 Nollaig 2022 agus tá sé ceaptha cur go mór le cáilíocht na seirbhísí i nGaeilge a sholáthraíonn comhlachtaí Stáit don phobal.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Mar chomhlacht poiblí, aithníonn an SEAI a ról agus a oibleagáid comhionannas a chur chun cinn, cosc a chur ar idirdhealú agus cearta daonna ár bhfostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a chosaint a n-imríonn ár mbeartais agus ár bpleananna tionchar orthu. Tá seo sainordaithe ag an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí faoi Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Sheol an SEAI a straitéis nua Comhionannais, Éagsúlachta agus lonchuimsithe (EDI) in Eanáir 2023, atá ar aon dul lena straitéisí eagraíochta agus daoine, agus atá bunaithe ar an obair a rinneadh lena chreidiúnú Infheisteoir Airgid in Éagsúlacht a bhaint amach ó Ionad na hÉireann

um Éagsúlacht. Tá Coiste EDI ag an SEAI agus rachfar i ngleic le go leor de na cuspóirí faoin Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí tríd an straitéis EDI seo.

Tuarascáil ar Rioscaí an SEAI

CUR CHUIGE I LEITH BAINISTÍOCHT RIOSCA

Cuireann an SEAI sárchleachtas i bhfeidhm, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus ISO 31000, maidir le rioscaí a shainiú, a mheasúnú agus a rialú lena chinntiú go laghdaítear iad go leibhéal atá inghlachta ag an mBord maidir lena chuspóirí a bhaint amach. Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus saothrú deiseanna le forbairt agus le cur chun feidhme éifeachtach straitéis an SEAI.

Tá freagracht ar gach pearsanra ag an SEAI dul i ngleic le dea-chleachtas bainistíochta riosca agus rannchuidiú le rioscaí, teagmhais riosca agus easnaimh rialaithe aitheanta/fhéideartha a shainiú, a bhainistiú agus a thuairiscíú.

CREAT BAINISTÍOCHTA RIOSCA

Glacann Creat Bainistíochta Riosca an SEAI le cur chuige iomlánaíoch lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta sainithe, mar aon le cultúr bainistithe riosca atá cothaithe laistigh den eagraíocht.

Tá Bord an SEAI freagrach as an mbhunchloch a leagan faoi bhainistiú riosca ar fud na heagraíochta trína lamhálas maidir le riosca a chur in iúl go soiléir (“Inghlathacht Riosca”) ar bhonn leanúnach. San inghlathacht riosca, leagtar amach an tuiscint ar chumas an SEAI riosca a ghlacadh, a chur in iúl agus a chainníochtú ar bhealach a bhfuil brí leis do chinntí laethúla. Tá Bainistíocht an SEAI freagrach as a chinntiú go n-oibríonn an SEAI ar bhealach atá ag teacht le hInghlathacht Riosca an Bhoird.

Comhtháthaítear bainistíocht riosca ar fud gach leibhéil den eagraíocht, ionas go dtacaíonn gach leibhéal le leibhéal eile. Tá bainistíocht riosca á threorú ón mbarr agus bunaithe

ar struchtúir agus ar fhreagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir. Tá sé leabaithe i ngnáthghnáthaimh agus gníomhaíochtaí na heagraíochta, agus an fhoireann ar fad ar an eolas faoi ábharthacht an riosca chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

I ndiaidh gur seoladh Ráiteas Straitéise 2022-2025 an SEAI, thug an Bord, le tacaíocht ón bhfoireann bainistíochta, faoi cheardlann athbheithithe riosca i rith 2022 a rinne breithniú ar riosca inmheánach agus seachtrach araon agus ar a dtionchar féideartha ar bhaint amach chuspóirí an SEAI.

PRÍOMHRIOSCAÍ IN 2022 AGUS DÁ ÉIS

During 2022, SEAI continued to adapt to the challenges of an increasing urgency to scale up activities nationally on sustainability against a backdrop of a constrained supply chain for energy technologies and services, the invasion of Ukraine and persistent increase in inflation significant factors. SEAI continues to adapt and update the Risk Management Framework, to navigate the challenges and inform key decisions, ensuring an appropriate balance is struck between the achievement of objectives and management of risks. A key aspect of the Risk Management Framework is regular communication and engagement with the Department of Environment, Climate, and Communications our customers, staff, supply chain and market.

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar chuid de na príomhrioscaí a bhainistigh an SEAI le linn 2022 agus a leanfar dá mbainistiú isteach in 2023:

Limistéar	Cur Síos ar an Riosca	Maolú
Straitéiseach	RIOSCA SAINORDAITHE/SOLÁTHAIR STRAITÉISIGH Tá an SEAI i gcoiríol sholáthar Phlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide. Leagtar amach spriocanna uailmhianacha do 2030 sa Phlean. Tá sainordú an SEAI ag fairsingiú agus ag méadú i dtaobh castachta chun tacú le gníomhartha a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (“CAP23”). Tá an sainordú méadaithe seo á sholáthar agus na dúshláin níos fairsinge gheilleagracha agus shóisialta/pholaitiúla romhainn a dtugtar cuntas orthu thíos.	Lenár gcuspoirí agus uailmhianta straitéiseacha a bhaint amach, chun tacú leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus aghaidh a thabhairt ar an ról breise sa limistéar rialála, tá an SEAI ag cur lena oibríochtaí, tá a lucht saothair á mhéadú aige agus tá scileanna agus tallann nua á n-aimsiú aige le gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn nach raibh ar bun san SEAI agus in Éirinn roimhe seo. Leanann an SEAI ag oibriú ar thionscnaimh nua agus reatha i measc na n-earnálacha baile agus neamhbhaile le feachtas a chruthú agus éileamh a spreagadh chun tacú le baint amach spriocanna dúshlánacha.
Geilleagrach	RIOSCA SLABHRA SOLÁTHAIR Lean dúshláin slabhra soláthair ar aghaidh i rith 2022, mar gheall ar an easpa cumas conraitheora i limistéir, easpa saothair oile, boilsciú a bhí ag dul in airde agus costais mhéadaithe ábhar.	Tá monatóireacht á déanamh ag an SEAI ar thionchar na ndúshlán sa slabhra soláthair chomh maith le bheith i dteagmháil leis an slabhra soláthair chun cur lenár tuiscint ar dhálaí an mhargaidh agus conas freagairt do na dúshláin sin. Chomhoibrigh an SEAI le gníomhaireachtaí seachtracha chun forbairt scileanna a bhrú chun cinn in 2022 agus isteach in 2023.
Sóisialta / Geopholaitiúil	RIOSCA AISTRITHE FUINNIMH Chruthaigh peirspictíochtaí agus toisí nua maidir le práinn an aistrithe éiginnteacht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar sholáthar spriocanna agus cuspóirí i rith 2022 agus bhí saincheisteanna cosúil le costas breoslaí iontaise d'fhuinneamh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh ar thús cadhnaíochta ach go háirithe i ndiaidh ionradh na hÚcráine.	Chomhoibrigh an SEAI i rith 2022 le comhghleacaithe inár máthair-Roinn agus gníomhaireachtaí stáit eile agus ghlac sé páirt gníomhach san fheachtas ‘Laghdaigh d’Úsáid’ agus sa Ghrúpa Éigeandála Slándála Fuinnimh (ESEG), agus beartais á n-oiriúnú sa chás gur chuí. Lean an SEAI leis an eagraíocht a dhírú ar phríomhchlár a sholáthar.
Airgeadas	CAILLTEANAS AIRGEADAIS / RIOSCA CALAOISE I bhfianaise nádúr ghnó an SEAI, lena n-áirítear soláthar tacaíochtaí deontais, ní mór dó bainistiú leanúnach a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh cailteanas airgeadais nó calaíse.	Tá rialuithe agus seiceálacha láidre airgeadais agus eile curtha i bhfeidhm ag an SEAI chun calaíse agus earráid a chosc agus a bhrath. Tá na rialuithe seo faoi réir athbheithniú bliantúil maidir le hoiriúnacht agus éifeachtacht.
Teicneolaíocht	RIOSCA CIBEARSHLÁNDÁLA Riosca cibearionsaithe as a dtiocfadh cur isteach ar leanúnachas gnó, a bhféadfadh líonraí, córais nó sonraí a bheith i mbaol dá bharr.	Tá Córas Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise (ISMS) ag an SEAI atá ailínithe le ISO27001 agus a chuimsíonn oiliúint rialta foirne agus bréagionsaí tástála ar an gcóras.

Airgeadas



An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird	73
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	80
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	81
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	82
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	83
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	84
An Ráiteas ar Shreafaí Airgid	85
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	86

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2002, de bhun an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 (arna leasú).

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 6 d'Acht 2002. Is iad príomhfheidhmeanna an SEAI mar atá forordaithe in Acht 2002 (arna sainordú):

- táirgeadh, soláthar agus úsáid fuinnimh a chur chun cinn agus cuidiú leo, lena n-áirítear ó fhóinsí in-athnuaite, ar bhealaí atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de;
- laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailléin aeir a bhaineann le húsáid fuinnimh a chur chun cinn agus cabhrú leis;
- taighde agus forbairt teicneolaíochtaí a chur chun cinn agus cabhrú leo agus comhairle, faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le hábhair a bhaineann le fuinneamh;
- gníomhaíochtaí a ordóidh an tAire amhlaidh a chheadú, a rialáil agus a rialú ó am go chéile.

Cloíonn an SEAI le dlíthe agus rialacháin ábhartha a rialaíonn a ghníomhaíochtaí agus leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (arna leasú) ("an Cód").

Leagtar amach sa tuarascáil Rialachais seo struchtúr rialachais an SEAI agus tugtar chun solais ann na príomhlimistéir ar ar dhírigh an SEAI i rith 2022.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá struchtúr an bhoird á fhorordú trí reacht. Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ("an tAire") a cheapann comhaltaí an Bhoird le toiliú an Aire Airgeadais, de réir an Achta um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, arna leasú leis an Acht Fuinnimh, 2016. Ainmníonn an tAire comhalta amháin den Bhord (seachas an Príomhfheidhmeannach) mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana agus féadfar iad a athcheapadh suas go huastreimhse de 8 mbliana de réir larscríbhinn 2020, ar Chomhardú Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, den Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Is comhalta ex officio den Bhord é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Tá an Bord freagrach don Aire. Cuirtear cuspóirí agus tosaíochtaí an Aire in iúl don Bhord trí Phleananna Forbartha Náisiúnta, Pleananna Gnímh don Aeráid agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta chomh maith le Pleananna Seirbhíse bliantúla a cheapadh. Tá idirphlé rialta idir an Cathaoirleach, an POF, bainistíocht an SEAI agus an tAire agus a (h)oifigigh.

Tá struchtúr coiste bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) agus an Fhoireann Bainistíochta

Sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil an SEAI. Leanann an POF agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an treorú straitéiseach a thugann an Bord agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird go léir ar na hábhair a bhaineann le hoibriú an SEAI, iad siúd san áireamh a bhaineann leis an Aire. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an SEAI.

RÓL AGUS FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tá ról leathan an Bhoird leagtha amach in Alt 10 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus sonraítear freagrachtaí níos sainiúla an Bhoird, ina n-aonair agus ar bhonn corparáideach, i gCreat Rialachais an SEAI, atá faoia ar bhonn bliantúil ag an mBord agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an SEAI (www.seai.ie).

Tá an Bord freagrach as na straitéisí agus beartais fhairsinge a leagan amach don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tugann sé faoi na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí ar leith Boird a oibriú i gcomhréir le Téarmaí Tagartha faoia. Is ar Bainistíochta Feidhmiúcháin an SEAI atá an fhreagracht as beartas a chur i bhfeidhm.

Cuireann an Bord ceisteanna áirithe ar forchoimeád go sonrach go ndéanfaidh an Bord cinneadh orthu agus i measc na mbuanearraí a bhreithníonn an Bord, tá an méid seo a leanas:

- Riachtanais Chóraithe agus Dearbhaithe Leasanna
- Miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh a fhíorú
- Ceisteanna a thagann chun solais agus Pointí Gnímh gaolmhara
- Tuarascáil an Chathaoirleigh
- Tuarascáil an POF
- Tuarascálacha Airgeadais, Buiséid agus Caiteachais
- Forbairt straitéise agus tuarascálacha feidhmíochta an SEAI
- Moltaí soláthair agus deontais a bhreithniú, de réir údarás ceadaithe tarmilgthe
- Tuarascálacha Coiste a bhreithniú
- Athbhreithniú Riosca Corparáideach/Bainistíocht Riosca
- Rialachas agus nithe forchoimeádtá

Ceanglaítear faoi Alt 24 (2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 ar an Údarás gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an SEAI:

- Beartais chuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhshéasmhach.

- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Bord de bheith ag oibriú; agus
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasáochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, seasamh airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an SEAI.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an SEAI trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad an 15 Eanáir 2022.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar neamhrialachtaí eile.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an SEAI léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an SEAI an 31 Nollaig 2022.

ÉIFEACTHACHT AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as na straitéisí agus beartais fhairsinge a leagan amach don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tá próiseas ionduchtaithe agus forbartha cuí agus cuimsitheach i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird. Maidir le baill nua, nuair a cheaptar iad, tugtar faisnéisiú cuimsitheach dóibh ar an gníomhaireacht agus a cuid oibríochtaí.

Leanann an SEAI dá stádas deimhniúcháin SWIFT 3000 a choinneáil, ar scrúdú agus meastóireacht neamhspleách é ag measúnóirí an NSAI ar nósanna imeachta rialachais chorpáidigh an SEAI agus comhlíonadh leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Rinne an NSAI an measúnú is déanaí in Eanáir 2021. I mí Eanáir 2023, i gcomhthéacs athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fhoriomlán an Bhoird, rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar a ghníomhaíochtaí, a oibríochtaí agus a thorthaí don bhliain 2022.

Thionóil an Bord deich gcuirniú i rith 2022. Reáchtáladh dhá cheann díobh seo amach ar bhonn cianda trí Microsoft Teams agus thit na hocht gcinn eile amach i bpearsan (ceann amháin san RDS agus seacht gcinn in Three Park Place). Maidir leis na nithe Boird seo don bhliain 2022, bhreithnigh an Bord an achoimre chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí / cinntí ceannaireachta straitéiseacha, agus ar mhaoirseacht/rialachas agus ar a mhonatóireacht ar na córais agus rialuithe san SEAI. Ar an iomlán, léiríodh san anailís seo go ndearna an Bord gach iarracht a fhreagrachtaí a chomhlíonadh, ar bhealach cuí agus éifeachtach, de réir na gceanglas atá leagtha amach san Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus sa Chód Cleachtas athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Deimhnítear sa mheastóireacht/measúnú seachtarach a bhaineann leis an bpróiseas deimhnithe um Rialachas Corparáideach SWIFT 3000, comhlíonadh foriomlán an SEAI leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Ballraíocht an Bhoird



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Arna cheapadh an 1 Meán Fómhair 2020

Tá cúlra Dermot in innealtóireacht agus bainistíocht fónais. Bhí sé ina POF ar EirGrid trína chéim thionscnaimh agus fáis, ó 2005 go 2012. Roimhe sin bhí sé ina Cheannaire ar Ghréasán BSL. Ó d'éirigh sé as EirGrid, d'fhóin Dermot ar roinnt Bord lena n-áirítear Element Power (cuideachta forbartha gaoithe), agus VITA (gníomhaireacht forbartha Éireannach thar lear le fócas láidir ar phobail tuaithe agus gníomhú ar son na haeráidesan Afraic Thoir) a raibh sé ina chathaoirleach air. Tá Dermot ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus bhí sé ina uachtarán air in 2016/17. Thar ceann DCENR (DECC anois) bhí sé ina chathaoirleach ar shainghrúpa chun Straitéis Náisiúnta um Thairghe Fuinnimh a fhorbairt. Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa - Energy Innovation Ireland - in 2016.



Dr Peter Brennan
Arna cheapadh an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018, éirthe as ag deireadh a théarma an 8 Bealtaine 2023

Tá Peter ina Stiúrthóir Bainistíochta ar EPS Consulting, comhairleacht taighde beartais phoiblí, agus ina Chathaoirleach ar Bid Services, an chuideachta chomhairleach tairisceana agus soláthair is mó in Éirinn. Tá suim agus saineolas ar leith aige ar athrú aeráide agus fuinneamh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Ghrúpa Taighde ar Athrú Aeráide an IEA ó 2007 go 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir do Chomhchoiste an Oireachtais ar Athrú Aeráide agus Fuinnimh. Thug sé léachtaí ar Chlár Máistreacht agus Teastais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar Airgeadas Fuinnimh Imharthana. Tá sé ina údar ar ríomhleabhar ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Eorpacha agus Forbairt Straitéise ag IBEC agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Bhiúro Gnó na hÉireann a bhí lonnaithe sa Bhrúiséal ó 1986 go 2001. Ina ghairm bheatha roimhe sin d'oibrigh sé sa Roinn Tionscail agus Fuinnimh agus Gnóthaí Eachtracha.



Dr Lisa Ryan
Arna cheapadh an 6 Bealtaine 2015, athcheaptha an 9 Bealtaine 2018, éirthe as ag deireadh a théarma an 8 Bealtaine 2022

Is ollamh in eacnamaíocht fuinnimh í Lisa i Scoil na hEacnamaíochta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá sí i gceannas ar eacnamaíocht fuinnimh in Institiúid Fuinnimh Ollscoil Bhaile Átha Cliath le saineolas in éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus eacnamaíocht athraithe aeráide. Ba í an t-eacnamaí sinsearach fuinnimh san Aonad um Éifeachtúlacht Fuinnimh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) i bPáras go dtí samhradh 2013 áit a raibh sí i gceannas ar thionscadail a bhain le hairgeadas éifeachtúlachta fuinnimh, iompar, agus beartas trasearnála.

D'oibrigh sí roimhe seo mar chomhairleoir neamhspleách san eacnamaíocht fuinnimh agus comhshaoil d'eagraíochtaí rialtais idirnáisiúnta agus Éireannacha, chomh maith leis na hearnálacha príobháideacha agus poiblí.

Tá PhD ag Lisa san eacnamaíocht comhshaoil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



Kate Ruddock
Arna cheapadh an 16 Feabhra 2017, éirthe as ag deireadh a théarma an 15 Feabhra 2022

Chaith Kate cuid mhór dá gairm bheatha san earnáil ENR ag obair le heagraíochtaí agus líonraí comhshaoil lena n-áirítear Cairde an Domhain, an comhrialtas Stop Climate Chaos, agus Líonra Comhshaoil na hÉireann. Tá taithí aici ar bheartais um fhuinneamh inbhuanaithe, tionscadail fuinnimh pobail agus oideachas comhshaoil agus molann sí d'Éirinn a sciar cothrom a imirt chun freagairt don ghéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta. Tá Céim bainte amach ag Kate san Eolaíocht Nádúrtha ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Máistreacht in Inbhuanaitheacht Chomhshaoil ó Ollscoil Dhún Éideann agus Teastas i bhFuinneamh In-athnuaite ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.



Andrew Ennis
Arna cheapadh an 14 Iúil 2017, athcheaptha an 14 Iúil 2022

Tá Andrew ina Stiúrthóir ar Fhuinneamh In-Athnuaite le Bartra Capital, a bhfuil gníomhaíochtaí infheistíochta aige i réimsí éagsúla i margadh bonneagair na hÉireann lena n-áirítear, tithíocht, cúram sláinte, maoin tráchtála agus fuinneamh in-athnuaite. Is Cuntasóir Cairte é agus tá B.Comm agus M.Acc aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá os cionn 16 bliana de thaithí airgeadais chorparáidigh ag Andrew i margadh bonneagair na hÉireann, le speisialtóireacht i bhfuinneamh agus i bhfuinneamh in-athnuaite. D'oibrigh Andrew roimhe seo d'Aonad NewERA hníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bunaíodh chun comhairle airgeadais chorparáidigh a sholáthar do Rialtas na hÉireann maidir le bainistiú agus diúscairt shócmhainní Stáit agus infheistíocht i bpríomhbhonneagar eacnamaíoch. D'oibrigh sé freisin le NCB Corporate Finance (anois mar chuid de Investec Ireland), le speisialtóireacht i gcumasc agus éadálacha bonneagair, luachálacha agus tiomsú airgid.



Ann Markey
Arna cheapadh an 14 Iúil 2017, athcheaptha an 14 Iúil 2022

Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann í Ann agus is ceannaire gnó le taithí, cathaoirleach coiste agus stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í. Tá taithí fairsing aici sa tionscal leictreachais agus bhí sí ina feidhmeannach sinsearach le BSL agus le Greencoat Capital, príomhchuideachta infheistíochta fuinnimh in-athnuaite. Cuimsíonn a taithí gnóthaí traidisiúnta leictreachais chomh maith le hinfeistiú i dticneolaíocht ísealcharbóin agus i gcuideachtaí fuinnimh in-athnuaite. Tá sí ina stiúrthóir neamhspleách neamhfheidhmiúcháin ar Foresight Solar Fund Limited, cuideachta FTSE 250, a infheistíonn i sócmhainní talambhuanaithe fótvoltacha (PV) agus stórála cadhnra ar scála fónais sa Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Astráil. Tá sí freisin ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Velocys plc, cuideachta theicneolaíochta breoslaí inbhuanaithe idirnáisiúnta atá liostaithe ag AIM agus a bhfuil ceanncheathrú aige sa RA. Bhí sí ina ball de Choiste Iniúcháireachta agus Riosca FSS go dtí Márta 2023. Ceapadh í le Bord na Gníomhaireachta Forbartha Talún i Samhain 2022.

Ballraíocht an Bhoird (ar leanúint)



Léan Doody
Arna ceapadh an 31 Deireadh Fómhair 2018

Tá Léan ina Stiúrthóir ar Chathrach Comhtháite agus ar Phleanáil Leader Europe, do Arup. Tá os cionn 20 bliain de thairbhí ghairmiúil aici sa tionscail n-áirítear obair le cliant éagsúla ó rialtais chathrach agus náisiúnta go forbróirí príobháideacha, agus ar thionscadail éagsúla ina bhfuil obair fhairsing straitéise agus bheartais ar fheidhmiú teicneolaíochtaí cliste. Áirítear le hobair thionscadail le déanaí obair straitéise agus bheartais dhigitigh do rialtais na Danmhairge agus Shingepór, d'Údarás Mhórchearntar Londen, do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Sydney, Canberra agus do thionscadail mhóra mháistirphleanála i Maidrid, Singepór agus Dubai. Sa réimse seo atá ag forbairt tá sí gníomhach ag obair le hinstitiúidí taighde agus comhlachtaí tionscail chun caighdeán idirnáisiúnta agus clár oibre taighde a shocrú, lena n-áirítear Institiúid um Chaighdeán na Breataine agus Ionad Ollscoil Cambridge um Bonneagar Cliste agus Foirgníocht. Is Léachtóir Sinsearach Oinigh í ag Coláiste na hOllscoile, Londain sa Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Beartais Phoiblí agus is scrúdaitheoir seachtach í ag Coláiste Ríoga na hEalaíne i Londain.



Joe O'Carroll
Arna ceapadh an 28 Feabhra 2019

Tá tairbhí breis agus 25 bliain ag Joe sna hearnálacha Fuinnimh, Inbhuanaitheachta agus Teicneolaíochtaí Digiteacha. D'oibrigh sé in Éirinn, an RA, na Stáit Aontaithe, an Afraic agus na Balcáin. Is Céimí san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCD é, tá MBA (UCC) agus Diplóma i Stiúradh Cuideachtaí (Institiúid na Stiúrthóirí) aige. Tá clár oiliúna feidhmiúcháin déanta aige ag IMI Bhaile Átha Cliath agus Scoil Kennedy ag Harvard. Tar éis a ghnó fuinnimh in-athnuaithe féin a bhunú, a mhéadú agus a dhíol idir 2008 agus 2017 bhí poist shinsearach bhainistíochta aige i mbainistíocht ghinearálta, straitéis, tráchtáil, díolacháin agus margaíocht agus tiomsú airgid. Ba stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar shraith Moil Nuálaíochta i Réigiún an Mheán-Oirthir, MERITS – mol do Ghnólaíochtaí Nuathionscanta Teicneolaíochta, agus an Mol Nuálaíochta Eachaí ag Graí Náisiúnta na hÉireann ó 2020 go 2022 ina measc. Is Stiúrthóir Infheistíochta anois é ag Teach Gresham, is bainisteoir speisialtacha sócmhainní atá liostaithe ar Stocmhalartán Londen, áit a gcuireann sé Ciste Foraoiseachta Straitéiseach na hÉireann ar bun. Tá poist bhoird aige le Treemetrics – gnó SaaS atá suite i gCorcaigh, Fairways agus FunDays – príomhoibreoir Turais Gailf na hEorpa, agus Fiontair Lochlann – gnó comhairliúcháin theicniúil san earnáil Chógaisíochta.



Justina Corcoran
Arna ceapadh an 7 Bealtaine 2020

Tá post Ceann Beartais agus Rialála Fuinnimh Miondíola ag Justina faoi láthair, sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá os cionn 25 bliain de thairbhí ghairmiúil aici, san earnáil phoiblí, thar raon leathan agus éagsúil de Ranna. Mar iar-Cheann an Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn tuigean sí agus tá sí paiseanta faoi chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil córas láidir agus éifeachtach Rialachais agus Rialaithe Inmheánaigh ann agus go mbíonn sé faoi bhláth laistigh d'Eagraíocht. Le blianta beaga anuas, chríochnaigh Justina cáilíocht Cuntasíochta Gairmiúla ACCA agus bhain sí an chéad áit amach in Éirinn (an 2ú háit ar fud an domhain) ar an bpáipéar ar leibhéal gairmiúil Rialachais, Riosca agus Eitice agus an 1ú háit in Éirinn (an 8ú háit ar fud an domhain) ar pháipéar leibhéal gairmiúil um Ardtuairiscíú Corparáideach. Bhí ról ceannaireachta aici freisin maidir le Tionscadail Náisiúnta ar nós Oiriúnuithe Aeráide, Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe, agus an Chórais Náisiúnta Postchód ("Éirchód").



Sharon O'Connor
Arna ceapadh an 1 Meán Fómhair 2020

Is Comhalta agus Stiúrthóir Cairte í Sharon ar Institiúid na Stiúrthóirí agus breis agus cúig bliana is fiche de thairbhí ceannaireachta sinsearaí aici. Is Comhalta Cairte í den Institiúid um Fhorbairt Pearsanra, agus tá cáilíocht ghairmiúil aici sa Mhargaíocht freisin. Chríochnaigh sí téarma 5 bliana le déanaí mar Chathaoirleach ar Údarás Oideachais TÉ, eagraíocht réigiúnach a fhostaíonn 44,000 duine agus ag a bhfuil buiséad £2bn. Bhí sí ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Dhoire, agus tá suim mhór aici sa rialtas áitiúil agus d'fhóin sí i gCoimisiún na gCuntas d'Albain agus sa Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta. Is NED í Sharon le Transport Holding Co. i dTuaisceart Éireann (Translink) agus le David MacBrayne Ltd (CalMac). Cuimsítear ina hobair roimhe seo agus ina hobair reatha obair phríobháideach, phoiblí agus earnálacha pobail/deonacha mar úinéir gnó agus comhairleoir. Tá suim ar leith aici i bpleanáil pobail, in athbheochan agus i nuálaíocht san earnáil phoiblí.



Maria O'Dwyer
Arna ceapadh an 17 Meitheamh 2022

Tá Maria ina Ceann Bainistíochta Sócmhainní le hUisce Éireann agus is innealtóir Cairte í a bhfuil tairbhí breis agus 25 bliain aici san earnáil innealtóireachta agus fónais. Ceannaire éifeachtach agus straitéiseach í, a dhíríonn go fonnmhar ar sholáthar trí dhaoine a chumasú. Bhí roinnt ról bhainistíochta sinsearaí ag Maria ina gairm bheatha go dtí seo i Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann, áit a raibh freagracht uirthi as clár mhóra ilghnéitheacha agus clochlú náisiúnta a sholáthar. Tá céim Máistir Taighde ag Maria in Eolaíocht Innealtóireachta anuas ar a bunchéim in Innealtóireacht Leictreonaic (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath). Tá Diplómaí larchéime ag Maria freisin i mBainistíocht Slabhraí Soláthair (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), Cóitseáil Gnó agus Feidhmiúcháin (Scoil Ghnó Smurfit) agus Diplóma i Stiúradh Cuideachtaí (Institiúid na Stiúrthóirí). D'fhóin Maria roimhe seo mar Stiúrthóir ar Bhord Uisce Éireann.



Robert Wasson
Arna ceapadh an 17 Meitheamh 2022

Tá cúlra Robert i mbainistíocht agus rialáil fónais, bainistíocht sócmhainní agus comhairliúcháin bainistíochta. Maidir le cúrsaí fónais, bhí ról bhainistíochta éagsúla aige in BSL agus BSL Idirnáisiúnta, in Éirinn agus thar lear aron. Bhí sé freagrach as Leictreachas Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Electricity) a aistriú faoi úinéireacht nua tar éis go ndearna BSL é a éadál, agus rinneadh Stiúrthóir Feidhmiúcháin ansin de. I measc na hoibre a rinne sé roimhe seo tá NED ag Calafort Dhroichead Átha, agus dhá théarma mar Chathaoirleach ar Pháirc Réigiúnach an Lagáin i dTuaisceart Éireann. Maidir le comhairliúcháin, rinne sé cleachtas Feabhsúcháin Straitéise agus Feidhmiúcháin KPMG a stiúradh in Éirinn, agus bhunaigh sé Watershed Consulting ina dhiaidh sin, a ndearnadh príomhsholáthraí boutique comhairliúcháin agus bainistíochta eatarmaí de. Alumnus MBA é Robert le Scoil Smurfit ag UCD agus is Stiúrthóir Cairte é. Tá sé ina bhall d'Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta sa Ríocht Aontaithe.

Ballraíocht an Bhoird (ar leanúint)



Barry McMullin
Arna cheapadh an 17 Meitheamh 2022

Ollamh Iomlán é Barry i nDámh na hInnealtóireachta agus na Ríomhaireachta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sé agus d'fhoilsigh sé i measc réimse fairsing limistéar, agus dírionn sé go mór ar chur i bhfeidhm idirdhisciplíneach na heolaíochta córas casta. Rinne sé tionscadail taighde a stiúradh le déanaí a d'fhiosraigh ról féideartha teicneolaíochtaí astaíochtaí diúltacha in Éirinn, buiséid gás ceaptha teasa ilgháis a chur i bhfeidhm i gcásanna náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide, agus bogearraí agus tacair shonraí rochtana oscailte a úsáid le cásanna dícharbónaithe dhomhain a fhorbairt do chóras fuinnimh na hÉireann. Bhí ról éagsúla shinsearach aige in DCU, agus d'fhóin sé freisin mar Dhéan Feidhmiúcháin na Dáimhe, agus mar bhall de Chomhairle Acadúil, Grúpa Bainistíochta Sinsearaí, agus Coiste Feidhmiúcháin Ollscoil DCU. Tá sé ina bhall de Rannán Fuinnimh, Comhshaoil agus um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Innealtóirí Éireann, agus d'fhóin sé mar Chathaoirleach Coiste an Rannáin don tréimhse 2021-2023.



Ciarán Hayes
Arna cheapadh an 9 Bealtaine 2023

Tá Ciarán Hayes ina Phríomhoifigeach ar Ciarán Hayes Consultancy Ltd., seirbhís sainchomhairleoireachta a bunaíodh in 2021 le comhairle straitéiseach a sholáthar don earnáil phoiblí agus phríobháideach. Tá taithí 21 bliain aige ar bhainistíocht shinsearach i rith gairm bheatha fhada Rialtais Áitiúil i measc cúig Údarás Áitiúla agus é mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Shligigh ar deireadh. Fad a bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach, bhunaigh sé na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus an struchtúr rialachais a éascaíonn dúshláin agus deiseanna eárnála an Rialtais Áitiúil a bhainistiú a eascraíonn as an ngeilleagar ciorclach, inbhuanaitheacht, agus athrú aeráide. Chríochnaigh sé Comhaltacht Shinsearach in Ollscoil Harvard i mí na Nollag 2022 agus taighde á dhéanamh aige ar athrú aeráide, tá Céim BA aige i Rialtas Áitiúil agus tá Ard-Diplóma aige i Staidéar Ríomhaireachta. Rinne sé tréimhsí staidéir roimh an gComhaltacht Shinsearach Harvard, Coláiste Bhostúin agus an Coláiste Éireannach, Lováin, an Bheilg. Ceapadh é ina bhall den Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) in Iúil 2021.



William Walsh
CEO

Tá William Walsh ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin san SEAI, tar éis go raibh post Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Príomhoifigeach Airgeadais aige roimhe sin. Thosaigh William ag oibriú leis an SEAI in 2013. Sular thosaigh sé ag oibriú leis an SEAI, d'oibrigh sé le IFI, áit a raibh roinnt ról aige, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta agus Stiúthóir ina measc. Bhí poist bhainistíochta sinsearaí aige roimhe sin san earnáil phríobháideach. Cuntasóir Cairte é William, tá Baitsiléir Staidéir Gnó aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tá Diplóma larchéime aige i Straitéis, Nuálaíocht agus Athrú ó UCED agus tá Diplóma aige i Stiúradh Cuideachtaí ón IOD.



Ballraíocht an Bhoird (ar leanúint)

ATHRUITHE AR BHALLRAÍOCHT AN BHOIRD

D'éirigh triúr Comhaltaí Boid, Kate Ruddock, an Dr Lisa Ryan agus Peter Brennan as ag deireadh a dtéarmaí an 15 Feabhra 2022, an 8 Bealtaine 2022 agus an 8 Bealtaine 2023 faoi seach. Ceapadh triúr Comhaltaí Boid nua an 17 Meitheamh 2022, Robert Wasson, Maria O'Dwyer agus Barry McMullin. Ceapadh Ciarán Hayes an 9 Bealtaine 2023.

COISTÍ AN BHOIRD

I ndiaidh na gceapachán Boid i Meitheamh 2022 agus na n-athcheapachán in Iúil 2022, d'athbhreithnigh an Bord comhdhéanamh a Choistí i Meán Fómhair 2022. Tá na Coistí seo a leanas bunaithe anois:

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord chun a fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasáochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúcháirí seachtracha agus déanann sé meastóireacht agus maoirsiú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, ar bhainistíú riosca agus próiseas measúnaithe, lena n-áirítear Clár Rioscaí an SEAI, agus déanann sé maoirsiú ar shocruithe buiséadaíthe agus baicéireachta. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste chuig an mBord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil, i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

I rith 2022, bhí clár gníomhach oibre ag an gCoiste agus thug sé aghaidh ar raon leathan saincheisteanna airgeadais, rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus rialachais agus, ar an iomlán, tionóladh sé chruinniú i rith na bliana. Lean an Coiste le dearcadh neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar i leith saincheisteanna lasmuigh de na struchtúir bhainistíochta laethúla.

Comhaltaí:

Ann Markey
Cathaoirleach

Arna ceapadh an 6 Feabhra 2019, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Lisa Ryan

Arna ceapadh an 27 Iúil 2016, éirithe as an 8 Bealtaine 2022

Martina Maher

Comhalta seachtrach, arna ceapadh an 31 Iúil 2019, athcheaptha an 25 Bealtaine 2022

Sharon O'Connor

Arna ceapadh an 4 Samhain 2020, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Joe O'Carroll

Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2022, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Robert Wasson

Arna cheapadh an 28 Meán Fómhair 2022

AN COISTE BAINISTÍOCHTA FEIDHMÍOCHTA AGUS LUACHA SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh, laistigh de na treoirlínte arna mbunú ag an Rialtas. Tá sé freagrach freisin as athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe agus an Chomhaontaithe Seirbhíse idir an SEAI agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ina theannta sin, formheasann an Coiste forálacha Phlean Gníomhaíochta an Údarás maidir le haon Chomhaontuithe Earnála Poiblí, nuair is infheidhme. Thionóil an Coiste dhá chruinniú le linn 2022.

Comhaltaí: *(Ceapadh iad go léir ar an gcéad dul síos an 28 Meán Fómhair 2022)*

Dermot Byrne
Cathaoirleach an Bhoird

Justina Corcoran

Sharon O'Connor

AN COISTE UM AN EARNÁIL GHNÓ AGUS PHOIBLÍ (COISTE SCÉIM TACAÍOCHTA DO THEAS IN-ATHNUAITE – SSRH ROIMHE SEO)

Tá an Coiste freagrach as maoirseacht agus monatóireacht chuif a chinntiú ar fhorbairtí/aschuir maidir le Clár Gnó agus Earnáil Phoiblí an SEAI agus freisin an Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaithe. Tá ról le glacadh ag an gCoiste seo maidir le comhairle a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le maoiniú tionscail/gnó. Chuir an Coiste seacht gcrúinniú ar bun i rith 2022.

Comhaltaí:

Andrew Ennis
Cathaoirleach

Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Ann Markey

Arna ceapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Kate Ruddock

Arna ceapadh an 30 Meitheamh 2021, éirithe as an 15 Feabhra 2022

Joe O'Carroll

Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Barry McMullin

Arna cheapadh an 28 Meán Fómhair 2022

COMHLAHT NÁISIÚNTA SOLÁTHAIR IARFHEISTITHE (NRDB), AN COISTE TASCFHÓRSA NÁISIÚNTA IARFHEISTITHE ROIMHE SEO

Tá freagracht ar an gCoiste seo chun maoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí, ar leibhéal straitéiseach, maidir le bunú agus feidhmiú an NRDB laistigh den SEAI. Áirítear leis seo faomhadh ar Phlean

Forfheidhmithe an NRDB. Tá sé freagrach freisin as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar aschur ón NRDB i gcomhthéacs Phleananna Gnó bliantúla an SEAI. Chuir an Coiste trí chruinniú ar bun i rith 2022.

Comhaltaí:

Peter Brennan
Cathaoirleach

Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022, éirithe as ag deireadh a théarma, an 8 Bealtaine 2023

Kate Ruddock

Arna ceapadh an 30 Meitheamh 2021, éirithe as an 15 Feabhra 2022

Léan Doody

Arna ceapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Dermot Byrne

*Cathaoirleach an Bhoird
Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022*

Robert Wasson

Arna cheapadh an 28 Meán Fómhair 2022

Maria O'Dwyer

Arna ceapadh an 28 Meán Fómhair 2022

AN COISTE BEARTAIS AGUS LÉARGAIS TAIGHDE

Tá freagracht ar an gCoiste as freagracht for monatóireacht a dhéanamh ar chumarsáid straitéiseach agus ar bhearta chun tionchar an SEAI ar scaipeadh sonraí agus léargas ar fud an éiceachórais fuinnimh. Déanann sé maoirseacht freisin ar sholáthar léargais agus comhairle straitéiseach fuinnimh chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Ranna eile Rialtais agus soláthar

fheidhmeanna reachtúla an SEAI maidir le Staidreamh Fuinnimh, Samhaltú Fuinnimh, agus an Creat Náisiúnta um Shamhaltú Fuinnimh. Chuir an Coiste cúig chruinniú ar bun i rith 2022.

Comhaltaí:

Lisa Ryan
Cathaoirleach

Arna ceapadh an 30 Meitheamh 2021, éirithe as an 8 Bealtaine 2022

Dermot Byrne

Cathaoirleach Gníomhach ón 9 Bealtaine 2022 go dtí an 28 Meán Fómhair 2022

Peter Brennan

Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022, éirithe as ag deireadh a théarma, an 8 Bealtaine 2023

Andrew Ennis

Arna cheapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha an 28 Meán Fómhair 2022

Justina Corcoran

Arna ceapadh an 30 Meitheamh 2021, athcheaptha ina Cathaoirleach an 28 Meán Fómhair 2022

Barry McMullin

Arna cheapadh an 28 Meán Fómhair 2022

Maria O'Dwyer

Arna cheapadh an 28 Meán Fómhair 2022

Ballraíocht an Bhoird (ar leanúint)

FREASTAL AN BHOIRD AGUS COISTÍ

Reáchtáil an Bord 10 gcruinniú i rith 2022. Thit dhá cheann díobh seo amach ar bhonn cianda trí Microsoft Teams, thit ceann amháin amach i bpearsan san RDS agus thit na seacht gcinn eile amach in Three Park Place.

Comhalta Boid	An Bord 10 gCruinniú	An Coiste Bainistíochta Feidhmíochta agus Luacha Saothair 6 Chruinniú	An Coiste Bainistíochta Feidhmíochta agus Luacha Saothair 2 Chruinniú	Coiste an Chomhlachta Náisiúnta Soláthair Iarfheistithe 3 Chruinniú	An Coiste Gnó agus Earnála Poiblí 7 gCruinniú	An Coiste Beartais agus Léargais Taighde 5 Chruinniú	Táillí Boid 2022
Dermot Byrne	10	N/A	2	2	1	4	€11,970
Peter Brennan (e)	9	N/A	N/A	3	N/A	3	€7,695
Sharon O'Connor	9	5	2	N/A	N/A	N/A	€7,695
Lisa Ryan (a)	4	2	N/A	N/A	N/A	3	€2,711
Kate Ruddock (b)	1	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	€994
Andrew Ennis (d)	9	N/A	N/A	N/A	7	4	€7,695
Ann Markey (d)	9	6	N/A	N/A	7	N/A	€7,695
Léan Doody	9	N/A	N/A	3	N/A	N/A	€7,695
Joe O'Carroll	10	5	N/A	N/A	7	N/A	€7,695
Justina Corcoran	7	N/A	2	N/A	N/A	3	-
William Walsh	10	N/A	N/A	N/A	N/A	N/A	-
Barry McMullin (c)	4	N/A	N/A	N/A	2	1	-
Maria O'Dwyer (c)	4	N/A	N/A	1	N/A	1	-
Robert Wasson (c)	4	1	N/A	1	N/A	N/A	€4,147
Iomlán							€65,992

- a. Éirithe as ag deireadh an téarma, an 8 Bealtaine 2022.
- b. Éirithe as ag deireadh an téarma, an 15 Feabhra 2022.
- c. Ceaptha an 17 Meitheamh 2022
- d. Athcheaptha an 14 Iúil 2022
- e. Éirithe as ag deireadh an téarma, an 8 Bealtaine 2023

Níor íocadh táillí Boid le ceathrar comhaltaí Boid, Justina Corcoran, William Walsh (POF), Barry McMullin agus Maria O'Dwyer faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' (OPOS).

Íocadh costais ar luach €915 le comhaltaí Boid in 2022.

Ballraíocht an Bhoird (ar leanúint)

RIACHTANAS TUAIRISCITHE AN CHÓID CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil struchtúir agus córais i bhfeidhm ag an SEAI le riachtanais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh.

SOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTA

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaí a shráionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Sochair €	Líon Fostaithe 2022	Líon Fostaithe 2021
60,000 – 69,999	20	16
70,000 – 79,999	19	8
80,000 – 89,999	9	9
90,000 – 99,999	13	14
100,000 – 109,999	4	2
110,000 – 119,999	3	2
120,000 – 129,999	3	0
130,000 – 139,999	1	0
140,000 – 149,999	0	1
150,000 – 159,999	0	0
160,000 – 169,999	1	0

Ar mhaithe leis an nochtadh seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaí maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal agus liúntais eile, nuair is infheidhme, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

Léiríonn an ghluaiseacht sna líonta foirne i lúbíní tuarastail pá a thabhairt ar ais faoi na Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) agus foireann bhreise a earcú ar aon dul leis an líon foirne agus Plean an Lucht Saothair.

COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhóinsíodh leo.

Sonraí	2022 €'000	2021 €'000
Comhairle Ghairmiúil	641	625
Acmhainní Daonna	74	65
Feabhsú Cláir/ Eagraíochta	273	784
Forbairt Scéime	1,784	1,436
Iomlán	2,772	2,910

Sonraí	2022 €'000	2021 €'000
Costais Sainchomhairleoireachta – a caipitlódh	–	–
Costais Sainchomhairleoireachta a gearradh ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais Cúlchistí Coimeádta loncaim	2,772	2,910
Total	2,772	2,910

COSTAIS AGUS SOCRAÍOCHTAÍ DLÍ

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar chostais dlí a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe. Rinneadh socraíocht €15,000 i rith 2022 (2021: Náid).

Sonraí	2022 €'000	2021 €'000
Comhairle Dlí	533	557
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlíthiúla	93	31
Socraíocht	15	–
Iomlán	641	588

CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHAITHE

Áirítear leis an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta loncaim an caiteachas taistil agus cothaithe seo a leanas a dhéantar a chatagóiriú mar seo a leanas:

Sonraí	2022 €'000	2021 €'000
Intíre – Fostaí	52	19
Idirnáisiúnta – Fostaí	14	3
Iomlán	66	22

CAITEACHAS FÁILTEACHAIS AGUS LEASA FOIRNE


Áirítear leis an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta loncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas, níor tabhaíodh aon fháilteachas a bhain le cliant:

Sonraí	2022 €'000	2021 €'000
Leas agu Fáilteachas Foirne	28	15

RÁITEAS COMHLÍONTA

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an SEAI an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana
na hÉireann

An 28 Meitheamh 2023

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (arna leasú).

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

CUMAS CHUN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Bhunaigh an SEAI Coiste Iníúchóireachta agus Riosca ag a bhfuil Téarmaí Tagartha sonracha, a d'fhaomh an Bord. Ba éard a bhí sa Choiste Iníúchóireachta agus Riosca ná ceathrar Comhaltáí Boird agus comhalta seachtrach amháin. I rith 2022, bhí clár gníomhach oibre ag an CIR agus thug sé aghaidh ar raon leathan saincheisteanna airgeadais, rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus rialachais, an méid seo a leanas ina measc ach gan bheith teoranta dó:

- Ráitis Airgeadais don bhliain 2021
- Creat Riosca, Clár Rioscaí agus Inghlacthacht Riosca an SEAI
- Roinnt Tuarascálacha Iníúchóireachta inmheánaí, aon mholtaí a chur i bhfeidhm a tháinig chun solais san áireamh
- Buiséad, Tuar agus feidhmíocht airgeadais an SEAI
- Creat Údarais Tharmhligthe
- Beartais agus Nósanna Imeachta
- Rioscaí Cibearshlándála

Bhunaigh an SEAI feidhm iníúchóireachta inmheánaí a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR. Déantar an clár oibre iníúchóireachta inmheánaí a sheachfhoinníú faoi láthair le Mazars. Críochnaíodh Plean Iníúchóireachta 2022. Tá iníúchadh inmheánach sásta go bhfuil córais an SEAI maidir le rialachas agus socrúithe rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach agus breithníodh na bearta breise arna nglacadh ag an SEAI sa timpeallacht chianoibre, rud a thugann rátháocht réasúnta maidir le leordhóthanacht agus oibriú rialuithe inmheánacha chun na rioscaí dúchasacha sin a bhfuil gníomhaíochtaí an SEAI nocha dóibh a mhaolú agus/nó a bhainistiú agus cuspóirí an SEAI a bhaint amach.

D'fhorbair an eagraíocht beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an SEAI, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an SEAI chun monatóireacht a dhéanamh ar réimsí riosca calaoise fhéideartha agus tá beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha frithchaloise i bhfeidhm aige lena n-áirítear gníomhaíochtaí, clár iníúchta inmheánaigh agus maoirseacht agus rialú bainistíochta a bhrath agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá córais agus rialuithe i bhfeidhm ag an SEAI freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha íocaíochtaí deontais. Sa chás go n-aithníonn an SEAI méideanna deontais/scéime atá in-aisíochta dóibh má éiríonn sé as neamhrialtachtaí nó sárúithe ar théarmaí agus coinníollacha na ndéontas, saothraítear aisíocaíochtaí/aisíocaíochtaí deontais ó na faighteoirí ábhartha. Nuair is gá, cuirtear cásanna in iúl do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíochta.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Chuir an SEAI córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shaináithníonn agus a thuariscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fóthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina saináithnítear na príomhrioscaí atá roimh an SEAI agus rinneadh iad seo a shaináithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad.

Déanann an CIR agus an Bord an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú dhá uair sa bhliain. Buanearra is ea bainistíocht riosca ar Chlár an CIR agus an Bhoird. Úsáidtear toradh na measúnuithe riosca chun an plean iníúchóireachta inmheánaí a phleanáil don bhliain agus acmhainní a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltáí sonracha foirne a mhaolú.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach agus an Bord athbhreithniú leanúnach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- Nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais lena chinntiú go bhfuil dóthain rialaithe ar dheontais a fhaomhadh agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh an cistiú deontais chun feidhme don chuspóir a beartaíodh.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Saináithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shaináithnítear;
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsíúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an SEAI le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirí reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an SEAI na nósanna imeachta siúd irith 2022.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an SEAI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus


rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an SEAI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iníúchóireachta agus Rioscaí a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den SEAI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022 agus gur chuir siad a n-ainm leis an athbhreithniú seo i Márta 2023.

SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor saináithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2022 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Dermot Byrne

Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana
na hÉireann

An 28 Meitheamh 2023

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

TUAIRIM FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi mar a ceanglaítear faoi fhorálacha Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeáda
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre san áireamh ar bheartais shuntasacha chuntasaióchta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an 31 Nollaig 2022 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2022 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairiscíú Airgeadais (FRS) 102 – an *Caighdeán um Thuairiscíú Airgeadais atá infeidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

BONN NA TUAIRIME


Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Cilanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na

hÉireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiúla i gcomhréir leis na caighdeáin. Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

TUAIRISCIÚ AR FHAISNÉIS EILE SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS AR CHEISTEANNA EILE

Chuir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltai an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairiscíú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.


Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2023

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL Freagrachtaí an Bhoird

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltai an Bhoird, tá na comhaltai Boid freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 24 den Acht lascaigh (Leasú), 2002
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i

gcomhréir le FRS 102

- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh cuí, agus
- ian rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus tuairiscíú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cilanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cilanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith

orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaitheint agus a mheasúnú, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus an nochtadh ghaolmhair.
- Bainim tatal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas

leantach. Má bhainim an tatal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuairim ar an nochtadh gaolmhair sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.
- Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaitheint i rith m'iniúchta.

Tuairiscim, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaióchta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó

- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaióchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léiríom aon fhoirm de chonclúid dearbhaithhe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cilanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tatal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairiscíú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.


Tuairiscim má shainaitheint ceisteanna ábhartha lena bhaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí. Lorgaim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscim más shainaitheint aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022


	NÓTAÍ	2022 €'000	2021 €'000
IONCAM			
Deontais Stáit	3	336,190	225,820
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	9	4,382	3,154
Ioncam Conartha an AE	4	211	325
Ioncam Eile	5	431	175
Glanchistiú larchurtha do Phinsin don Bhliain	15(c)	3,786	2,461
Ranníocaíochtaí Pinsin a Íocadh leis an DECC agus an DPENDPDR	6.1	(543)	(404)
Ioncam Iomlán		344,457	231,531
CAITEACHAS			
Caiteachas Riaracháin	6	23,246	18,797
Caiteachas Cláir	7	317,377	209,893
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh	9	2,301	2,139
Caiteachas Iomlán		342,924	230,829
Barrachas don bhliain roimh leithreasaí		1,533	702
Gluaiseacht i suimeanna dlíte don DECC	8	(24)	(69)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	13	487	795
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasaí		1,996	1,428
Barrachas an 1 Eanáir		3,445	2,017
Barrachas an 31 Nollaig		5,441	3,445

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

An 28 Meitheamh 2023



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann


An 28 Meitheamh 2023

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022


	NÓTAÍ	2022 €'000	2021 €'000
AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH			
Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasáí		1,996	1,428
(Cailteanas) ó Thaití ar Oibleagáidí Sochair Scoir		(2,535)	(149)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach ag eascairt as Athruithe ar Thiomhdí faoi luach reatha Oibleagáidí Sochair Scoir		20,822	(36)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach sa Bhliain	15	18,287	(185)
Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Sochair Scoir	15	(18,287)	185
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain		1,996	1,428

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

An 28 Meitheamh 2023



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann


An 28 Meitheamh 2023

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2022


	NÓTAÍ	2022 €'000	2021 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	10	2,731	3,218
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	14	10,371	6,525
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	11	2,387	1,729
		12,758	8,254
DLITEANAIS REATHA			
Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe	12	(7,317)	(4,809)
Glansócmhainní Reatha		5,441	3,445
Oibleagáid Sochair Scoir	15 (b)	(35,913)	(50,414)
Sócmhainn Chistithe Iarchurtha Sochair Scoir	15 (b)	35,913	50,414
Glansócmhainní Iomlána		8,172	6,663
ARNA LÉIRIÚ AG			
Cuntas Caipitil	13	2,731	3,218
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		5,441	3,445
		8,172	6,663

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Dermot Byrne
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

An 28 Meitheamh 2023



William Walsh
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

An 28 Meitheamh 2023

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	NÓTAÍ	2022 €'000	2021 €'000
GLAN-SREAFÁI AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais		1,996	1,428
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	13	(487)	(795)
Ús Bainc a Íocadh		54	83
Dímheas Sócmhainní Seasta	10	643	908
(Méadú) ar Chuntais Infhála	11	(658)	(474)
Méadú ar Chuntais Iníoctha	12	2,508	591
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		4,056	1,741
SREAFÁI AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	10	(156)	(113)
SREAFÁI AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE			
Ús Bainc a Íocadh		(54)	(83)
Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		3,846	1,545
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		3,846	1,545
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir		6,525	4,980
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig	14	10,371	6,525

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasáiochta

Leagtar amach na beartais shuntasacha chuntasáiochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Cuireadh i bhfeidhm na beartais seo go comhshasmhach i gcaitheamh na bliana agus do na blianta go léir roimhe seo.

(A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Cumhdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

(B) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, seachas má luaitear a mhalairt thíos. Ullmhaítear iad i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairiscíú Airgeadais 102, an Caighdeán um Thuairiscíú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("FRS 102"), arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairiscíú Airgeadais. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus san fhormaid a d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro.

(C) Deontas Stáit

Léirítear i nDeontas Stáit (Nóta 3) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta an méid a fuarthas sa bhliain.

(D) Caiteachas Deontais

Aithnítear Ceangaltais Deontais mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta nuair a comhlíonadh gach coinníoll a bhaineann leis an deontas nó le híocaíocht chéimnithe dá chuid. Laghdófar Ceangaltais Deontais ar íocaíocht deontais nó ar éag an chomhaontaithe deontais.

Nochtar gach Ceangaltas Deontais oscailte i Nóta 16.

(E) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide mar seo a leanas:

Costais Feistithe Tógála	10%
Mótarfheithiclí	20%
Trealamh agus Bogearraí TF	33.33%
Trealamh Oifige	33.33%
Clár Ocean	33.33%

Luaitear talamh ar a costas. Nuair a thugtar le fios go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne níos lú ná a luach tugtha anonn, déantar athbhreithniú bearnaithe. Má tá an tsuim in-aisghabhála níos lú ná an tsuim ghlanluacha laghdaítear an tsócmhainn go dtí an méid in-aisghabhála a mbíonn cailteanas bearnaithe mar thoradh air. Aithnítear cailteanas bearnaithe láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Dímheastar sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 go hiomlán i mbliain na héadála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na héadála; ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Aithnítear an gnóthachan nó an cailteanas, arb é sin an difríocht idir na fáiltais díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a thagann chun solais ar dhiúscairt nó scor earra sócmhainní seasta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh atá dímheasta go hiomlán sna ráitis airgeadais go dtí nach bhfuil siad á n-úsáid níos mó.

Déantar Costais Forbartha Córas TF a bhaineann le cláir ar leith an SEAI cláir a ghearradh sa bhliain ina dtiteann siad amach. Rinne an bhainistíocht breithniú ar an mbeartas agus creideann siad, mar gheall ar chineál dinimiciúil agus athraitheach na glár, is cuí na costais seo a ghearradh.

(F) Aoisliúntas

Foráiltear in Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 do scéim aoisliúntais a bhunú ag an Údarás. Scéim le sochar sainithe is ea an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh. Léirítear gnóthachain nó cailteanas achtúireacha a eascraíonn ar dhilteanas scéime sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón DECC.

Is ionann dliteanas phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léirítear i gcistíú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtreimhsí amach anseo ón DECC.

Oibríonn an tÚdarás an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, arb an scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa seirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe. Áirítear na dliteanas ghaolmhara maidir le híocaíochtaí pinsin amach anseo agus an tsócmhainn chomhfhreagrach le ráitis airgeadais an SEAI.

(G) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(H) Léasanna

Aithnítear íocaíochtaí Léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a fhaigheann an SEAI leas as an áitreabh.

(I) An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD)

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) (I.R. Uimh. 243 de 2012 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileádh leo roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (arna leasú). Faoin reachtaíocht, caitheadh úinéir foirgnimh Deimhniú BER agus Tuairisc Chomhairleach

a sholáthar do cheannaitheoirí nó tionóntaithe ionchasacha nuair a dhéantar foirgneamh a thógáil, a dhíol nó a ligean ar cíos.

Tá táillí éagsúla iniúchta i dtaca le BER, ina measc táille ar chlárú measúnóra agus tobhach maidir le gach measúnú BER a chuirtear faoi bhráid an Údarás sa tréimhse chun críocha Deimhniú BER a eisiúint. Cuirtear ioncam EPBD i gcuntas ar bhonn fabhrúithe.

(J) Ioncam Conartha an AE

Ó ghníomhaíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-Athnuaite, cur chun cinn na teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise, comhordú agus bainistíocht tairghe agus imeachtaí é ioncam conartha an AE. Aithnítear ioncam ar aon dul le téarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar uainiú agus feidhmiú riachtanais an chonartha. Tarchuirtear cistí chuig an DECC nuair a fhaightear iad, nó coinnítear iad laistigh den SEAI, bunaithe ar théarmaí an chonartha.

(K) Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe ar aon dul le huainiú na riachtanas feidhmíochta.

(L) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasáiochta

Maidir le costais phinsin, nuashonraítear na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha a ndéantar cinneadh orthu i dtaobh na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhairreachta agus treoraití costas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha geilleagracha, agus i dtaobh aon athruithe a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo
- An ráta boilscithe

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

2. Tionchar Phaindéim COVID-19

Chuir paindéim COVID-19 dúshlán roimh an SEAI i dtosach in 2022 ach ba lú na dúshlán i gcomparáid le 2021. Bhí srianta sláinte i bhfeidhm i rith Eanáir 2022 agus d'eascair tréimhse dhianghlása tógála astu. Sháraigh an leibhéal gníomhaíochta agus caiteachais in 2022 an leibhéal in 2021 i measc fhormhór na gclár de réir mar a tháinig méadú ar ghníomhaíocht i ndiaidh gur baineadh na srianta.

D'fhill foireann an SEAI ar an oifig ar bhonn hibrideach i rith na bliana tar éis shrianta na dianghlása. Tá próisis dhe-bhunaithe agus acmhainneacht TF i bhfeidhm chun tacú leis an timpeallacht oibre seo. Leanann an Bord agus an fhoireann bainistíochta leis an SEAI a threorú tríd an tírdhreach athraitheach agus scála agus doimhneacht a ghníomhaíochtaí a fhás ar aon dul le straitéis agus spriocanna an Rialtais a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023.

Comhlacht rialtais atá sa SEAI atá go hiomlán cistithe. Faigheann an SEAI tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Iompair.

3. Deontais Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002, soláthraíonn an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide cistiú don Údarás chun tabhairt faoina fheidhmeanna.

Soláthraítear an cistiú go léir tríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) (Vóta 29) agus an Roinn Iompair (DoT) (Vóta 31). Le héifeacht ó 2021, cuireann an Roinn Iompair an cistiú ar fad ar fáil maidir leis an gClár Feithiclí Leictreacha.

	Fotheideal Vóta 29	2022 €'000	2021 €'000
An SEAI Riarachán			
– Reatha	B3	19,509	16,098
– Caipiteal	B3	–	–
Éifeachtúlacht Fuinnimh Cónaithe/ Pobail			
– Reatha	B4	7,859	7,477
– Caipiteal	B4	192,426	101,392
An Earnáil Ghnó agus Phoiblí			
– Reatha	B5	4,666	4,059
– Caipiteal	B5	39,010	18,476
Clár Thaighde Fuinnimh			
– Reatha	B7	1,302	872
– Caipiteal	B7	6,689	7,978
Cistiú Iomlán an DECC		271,461	156,352

A fhaide le 2021 agus an bhliain sin san áireamh, cuireadh cistiú don Earnáil Ghnó agus Phoiblí san áireamh faoi Fhotheideal B4. Cuireadh Fotheideal nua B5 san áireamh in 2022 leis an gcaiteachas sin a chur i gcuntas ar leithligh ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

	Fotheideal Vóta 31	2022 €'000	2021 €'000
Clár Feithiclí Leictreacha			
– Reatha	B3	885	1,078
– Caipiteal	B3	63,844	68,390
Cistiú Iomlán an DOT		64,729	69,468
Deontais Iomlána Stáit		336,190	225,820

4. Ioncam Conartha an AE

	2022 €'000	2021 €'000
AFLOWT (b)	95	219
OPIN (b)	29	37
RD&D ERA Net (b)	87	43
Other (a)	–	26
	211	325

(a) Meastar gur leithreasá i gcabhair na tionscadail seo agus íoctar na fáiltas go léir dá bharr leis an DECC mar a fhaightear iad.

(b) Tá na tionscadail seo anuas ar chistí vótáilte agus coimeádtar cistí a fhaightear laistigh den SEAI, ar an ábhar sin.

5. Ioncam Eile

	2022 €'000	2021 €'000
ioncam eile	31	47
ioncam Comhchistithe RERD&D	400	128
	431	175

Faighítear ioncam comhchistithe Taighde, Forbartha agus Imlonnaithe Fuinnimh In-Athnuaite ó ghníomhaireachtaí rialtais eile chun deontais taighde a chistiú go páirteach. Aithnítear ioncam ar aon dul le luach an deontais eisithe agus céatadán an chomhchistithe a chuirtear i leith gach dámhachtain taighde.

6. Caiteachas Riaracháin

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

		2022 €'000	2021 €'000
Tuarastail agus táillí gaolmhara	6.1	11,694	8,654
Costais phinsin	15(A)	3,570	2,474
Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas		457	340
Fógraíocht agus Promóisean		472	390
Táillí Gairmiúla Ginearálta	6.2	352	380
Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse	6.3	2,931	2,862
Teicneolaíocht Faisnéise	6.4	2,246	2,084
Riarachán Ginearálta	6.5	1,524	1,613
		23,246	18,797

6.1 Tuarastail agus Muirir Ghaolmhara

		2022 €'000	2021 €'000
Sochair ghearrthéarmacha foirne		9,882	7,251
ÁSPC Fostóra		1,052	763
Foireann Gníomhaireachta/Conartha		694	564
Luachanna Saothair Comhaltaí Boird	18	66	76
		11,694	8,654

I gcásanna ina bhféadfaí obair bhall foirne gníomhaireachta ar leith a chur i leith clár go díreach, aithníodh an costas mar chostas clár.

Notes to the Financial Statements (continued)

Ní dheanadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2021: €0).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Níor thabhaigh an SEAI aon íocaíochtaí ragoibre sa bhliain (2021: €0).

D'aisíoc an tÚdarás €192,680 (2021: €175,526) maidir le ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí lena máthair-roinn, an DECC, in 2022 maidir le scéim aoisliúntais an SEAI. D'aisíoc sé €349,870 (2021: €228,622) freisin leis an DPENDPDR maidir le comhaltaí na Scéime Aonair. Níl ar an Údarás ranníocaíochtaí fóstóra a dhéanamh faoi na scéimeanna.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (RBA)

Rinneadh €273,830 (2021: €218,544) de ranníocaíocht bhreise aoisliúntais (ASC) a asbhaint ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i rith na bliana.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh an POF reatha go foirmiúil in Eanáir 2021 tar éis gur fhóin sé roimhe mar POF gníomhach in 2020. Ba é luach saothair an POF in 2022 €163,188 (2021: €147,947) agus ba iad na costais €1,785 (2021: €423).

Ní sháraíonn teidlíocht pinsin an POF na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim pinsin samhla na hearnála poiblí. Ní áirítear leis an gconradh scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochair chomhchineáil/réamhriachtanais.

Luach Saothair na Príomhbhainistíochta

Leagtar amach thíos luach iomlán shochair na bhfostaithe i measc 16 phríomhphearsana bainistíochta (2021:13):

	2022 €'000	2021 €'000
Tuarastail	1,738,670	1,137,109

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin na bainistíochta na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aonair samhla na hearnála poiblí nó i scéim aonair na hearnála poiblí. Ní áirítear le Conarthaí Fostaíochta scéim dámhachtainí a bhaineann le feidhmíocht nó aon sochar comhchineáil/réamhriachtanais.

Táillí Boird

Nochtar táillí Boird i Nóta 18.

Conradh Buan agus Fadtéarmach

Ba é an meánlíon fostaithe ar conradh buan agus fadtéarmach don tréimhse 151 (2021: 127). Ba é líon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha ag deireadh na tréimhse 168 (2021: 125.5).

6.2 Táillí Sainchomhairleoireachta agus Gairmiúla Ginearálta

	2022 €'000	2021 €'000
Comhairle Straitéiseach	281	290
Táillí Rúnaí an Bhoird	71	90
	352	380

6.3 Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse

	2022 €'000	2021 €'000
Cíos	1,965	2,074
Rátaí	185	206
Muirir Sheirbhíse	781	582
	2,931	2,862

6.4 Teicneolaíocht Faisnéise

	2022 €'000	2021 €'000
Ceadúnais agus Caiteachas Ginearálta TF	1,233	843
Cothabháil agus Tacaíocht TF	952	735
Forbairt Córais TF	61	506
	2,246	2,084

6.5 Riarachán Ginearálta

	2022 €'000	2021 €'000
Taisteal agus Cothabháil – Foireann	6	2
Taisteal agus Cothabháil – Bord	1	–
Dímheas	643	908
Táillí iniúchta – seachtrach	35	35
Táillí iniúchta – inmheánach	73	59
Árachas agus Dlíthiúil	397	374
Eile	369	235
	1,524	1,613

7. Caiteachas Cláir

Tá na hearraí seo a leanas i gceist le Caiteachas Clár:

		2022 €'000	2021 €'000
Éifeachtúlacht Fuinnimh Cónaithe agus Pobail			
Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo	7.1	93,559	38,802
Fuinneamh Níos Fearr Teas agus Folláine	7.2	5,233	3,346
Tithe Fuinnimh Níos Fearr	7.3	38,151	16,640
Ionad ilfhreastail/Scéim NHR	7.4	13,672	11,030
Clár Píolótach Iarfeistithe Dhomhain	7.5	299	1,244
Fuinneamh Pobail	7.6	19,944	24,090
Pobail na Scéime Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaithe	7.7	499	224
PV Gréine	7.8	25,634	10,229
Micrighníúint Neamhbhaile	7.9	137	–
An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh	7.10	784	1,540
Rátáil Fuinnimh Foirgnimh – Forbairt Caipitil	7.11	1,614	657
An Earnáil Ghnó agus Phoiblí			
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	7.12	36,304	15,761
Clár Tionscail agus Gnó	7.13	2,825	1,249
Taispeántas Fuinnimh	7.14	39	42
EXEED	7.15	1,720	3,922
Clár na Scoileanna	7.16	227	125
Faireachas Margaidh	7.17	1,472	839
Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaithe	7.18	1,089	582
Fuinneamh In-Athnuaithe			
Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaithe	7.19	4,672	6,378
Fuinneamh Amach ón gCósta	7.20	2,817	2,444
Nuálaíocht agus Comhtháthú			
Anailís Beartais Straitéiseach	7.21	838	735
Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh	7.22	1,052	555
Iompar			
Feithiclí Leictreacha	7.23	64,796	69,459
		317,377	209,893

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha a athrangú agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus leo siúd don bhliain reatha.

7.1 Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo

	2022 €'000	2021 €'000
Uasghráduithe Fuinnimh	86,528	34,824
Seirbhísí agus Inbhreathnú Teicniúil	5,872	2,843
Soláthar Oibríochtúil	451	355
Costais Oibríochtúla Eile	232	103
Forbairt agus Cothabháil Córais TF	474	677
Costais Taistil	2	–
	93,559	38,802

Tacaíonn an scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo le héifeachtúlacht fuinnimh áiteanna cónaithe faoi úinéireacht phríobháideach atá thíos le bochtaineacht bhreosla a uasghrádú. Tugann painéal fochonraitheoirí a chuirtear ar fáil faoi na hoibreacha. Tugadh faoi 4,264 (2021: 2,272) uasghrádú in 2022 faoin scéim Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo.

7.2 Fuinneamh Níos Fearr Teas agus Folláine

	2022 €'000	2021 €'000
Uasghráduithe Fuinnimh	4,946	2,991
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	287	302
Costais Oibríochtúla Eile	–	53
	5,233	3,346

Forbraíodh an Scéim Teasa agus Folláine mar scéim phiólótach atá dírithe ar fheabhas a chur ar dhálaí maireachtála daoine leochaileacha atá thíos le riochtá ainsealacha riospráide. Tugann painéal fochonraitheoirí a chuirtear ar fáil faoi na hoibreacha. Tugadh faoi 174 (2021: 146) uasghrádú in 2022 agus iocadh astu faoin Scéim Teasa agus Folláine.

Dúnadh an scéim d'iaratasóirí nua an 28 Feabhra 2018 agus tá príomhléargas le foilsiú ag an DECC in 2023. Chuir léargas ón gclár piólótach eolas ar fáil freisin do sholáthar príomhshrutha.

7.3 Fuinneamh Níos Fearr Teas agus Folláine

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eisíodh	34,942	13,869
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	1,115	1,035
Soláthar Oibríochtúil	1,698	1,430
Costais Oibríochtúla Eile	51	44
Costais TF	311	244
Fógraíocht	26	18
Costais Taistil	8	–
	38,151	16,640

Clár náisiúnta iarfheistithe is ea an Clár Tithe Fuinnimh Níos Fearr atá ar fáil do gach úinéir tí, tiarnaí talún san áireamh, gan tástáil mhaoin. Déanann sé úinéirí tí a dhreasú chun tithe níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh a dhéanamh dá dtithe. Baintear seo amach trí dheontais a sholáthar do shraith beart ar féidir iad a roghnú ar bhonn aonair, nó i dteannta a chéile agus ar bhonn céim ar chéim le hiarfheistiú níos cuimsithí a bhaint amach le himeacht ama. In 2022, iocadh 11,806 deontas ar áiteanna cónaithe (2021: 7,928).

7.4 Ionad Ilfhreastail/Scéim NHR

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eisíodh	11,091	9,314
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	108	30
Costais TF	672	337
Giniúint Éilimh	1,179	893
Costais Oibríochtúla Eile	618	283
Taighde Coimisiúnaithe	2	173
Costais Taistil	2	–
	13,672	11,030

Tá seirbhís an Ionaid Ilfhreastail (an Scéim Náisiúnta Uasghrádaithe Fuinnimh Baile) dírithe ar thacaíocht deontais caipitil a spreagadh agus a sholáthar do theaghlaigh phríobháideacha, agus do Comhlachais Tithíochta chlárúit

ar mian leo páirt a ghlacadh i seirbhís "Ionad Ilfhreastail" a sholáthar d'oibreacha uasghrádaithe fuinnimh. Seoladh an scéim i bhFeabhra 2022 agus rinneadh uasghrádú ar 643 áit chónaithe in 2022. I measc na gcostas, tá tionscnaimh nuálacha mhaoinithe, gníomhaíochtaí taighde coimisiúnaithe agus giniúna éilimh atá dírithe ar eolas a sholáthar don Straitéis Náisiúnta Iarfheistithe níos fairsinge agus i a chur chun cinn.

7.5 Clár Piólótach Iarfheistithe Dhomhain

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eisíodh	100	1,136
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	165	70
Costais Oibríochtúla Eile	34	38
	299	1,244

Cruthaíodh an Clár Piólótach Iarfheistithe Dhomhain le tuiscint a fháil ar dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hiarfheistiú domhain. Chuir an méid a foghlaimíodh ó na clár phiólótacha seo eolas ar fáil don chur chuige i dtreo iarfheistiú mór scála domhain ar fhoirgnimh in Éirinn. Tá iarfheistiú déanta ag an scéim phiólótach ar 536 áit chónaithe, ar an iomlán, go dtí seo ó seoladh clár in 2017. Tá an Clár Piólótach Iarfheistithe Dhomhain dúnta anois d'iarraitais nua ó 2021.

7.6 Fuinneamh Pobail

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eisíodh	18,059	21,970
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	77	96
Costais TF	446	143
Costais Oibríochtúla Eile	276	453
Tacaíocht Meantóireachta an SEC	1,074	1,424
Costais Taistil	12	4
	19,944	24,090

Deontais Pobail: Tacaíonn an clár deontais Pobail Fuinnimh Níos Fearr (BEC) le tionscadail ar leibhéal pobail, a lorgaíonn go sonrach chun comhpháirtíochtaí nuálacha agus ceannródaíocha a thástáil lena soláthar idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, na hearnálacha intíre agus neamh-intíre, tráchtála agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, tithe atá thíos le bochtaineacht fuinnimh ina measc. Thacaigh na Pobail le hobairt i measc na n-earnálacha go léir i Sochaí na hÉireann, an talmhaíocht san áireamh.

Líonra Pobail: Is éard a bhaineann le clár an Líonra Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe (SEC) ná acmhainní a fhorbairt i bpobail lena chumasú tionscadail fuinnimh inbhuanaithe mhórscaála a sholáthar agus an t-aistriú a bhaint amach chuig pobail fuinnimh inbhuanaithe (PFI). Forbraíodh líonra náisiúnta SEC ina bhfuil 703 ball (2021: 618). Tacaíonn painéal Meantóirí Réigiúnacha agus Contae leis an Líonra SEC a dhéanann an SEAI a fhostú agus a bhainistiú. Tugann an SEAI tacaíocht freisin do phobail le Máistirphlean Fuinnimh Áitiúil a fhorbairt atá mar bhonnline i leith úsáid fuinnimh sa phobal agus chomh maith le clár tionscadail oiriúnacha fuinnimh inbhuanaithe ar féidir leis an bpobal breithniú a dhéanamh orthu amach anseo.

7.7 Pobail na Scéime Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eisíodh	100	–
Costais TF	180	100
Costais Oibríochtúla Eile	103	102
Tacaíocht Meantóireachta	115	22
Costais Taistil	1	–
	499	224

Pobail an RESS: Bhíodh an clár seo suite roimhe seo laistigh den chlár deontais Pobail Fuinnimh Níos Fearr (BEC). Rinneadh clár aonair de ó 2022. Tacaíonn an clár le tionscadail ar leibhéal pobail. In 2022, rinne an clár seoladh ar chlár sealadach náisiúnta sochair pobail agus chríochnaigh sé céim 1 den tairseach poiblí do chlár náisiúnta an CBF.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

7.8 PV Gréin

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eísíodh	24,453	9,428
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	479	230
Soláthar Oibríochtúil	551	451
Costais TF	151	120
	25,634	10,229

Tugann an Scéim Fhótavoltach Gréine tacaíocht i dtreo córas fótavoltach (PV) gréine agus/nó córas stórála fuinnimh cadhnra (BESS) a cheannach agus a chur isteach. Iocaíocht aonuaire í seo le húinéir tí atá bunaithe ar tháirgí a chur isteach a shásaíonn riachtanais na scéime. Bunaítear méid an deontais atá le híoc ar acmhainneacht na gcóras gréine PV agus BESS a chuirtear isteach.

7.9 Micrighiniúint Neamhbhaile

	2022 €'000	2021 €'000
Forbairt Clár agus Córas	137	–

Cuireann an Deontas Micrighiniúna Neamhbhaile (NDMG), a seoladh i Meán Fómhair 2022, cúnamh airgeadais ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí agus earnálacha eile painéil PV gréine a chur isteach le leictreachas a ghiniúint ar an láthair. Laghdaíonn an teicneolaíocht seo costais leictreachais tráchtála agus méadaíonn sí slándáil an tsoláthair, agus íomhá dhearfach inbhuanaitheachta á cothú aici i gcomhthráth. Tá deontais ar fáil do chórais a mhéid le 6kWp.

7.10 An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh

	2022 €'000	2021 €'000
Forbairt Clár agus Córas	371	1,000
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	109	260
Costais Oibríochtúla Eile	299	280
Costais Taistil	5	–
	784	1,540

Tacaíonn an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) le forbairt níos fairsinge na Scéime um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh de bhun Airteagal 7 den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Tacaíonn sí chomh maith le forbairt leanúnach clár nua náisiúnta iarfheistithe agus córais faisnéise gnó. D'eisigh Coimisiún an AE an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh in 2019 athuair a chumhdóidh an tréimhse ó 2021 go 2030. Is é an SEAI an riarthóir maidir le creidmheasanna fuinnimh a bhainistiú don scéim. Tar éis go tras-scríobhfár é seo, is gá Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh nua ó 2022 go 2030 a fhorbairt agus a sheoladh. Leag an SEAI freagracht ón Aire ar limistéir ar leith d'oibríochtaí na Scéime.

7.11 Rátáil Fuinnimh Foirgnimh – Forbairt Caipitil

	2022 €'000	2021 €'000
Forbairt Clár agus Córas	1,614	657

Cistíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide forbairt caipitil an chláir Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER). Féinchtítear fuilleadh chostais an chláir ón ioncam a ghintear agus nochtar ar leithligh iad i nóta 9.

7.12 Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais Chaipitil na hEarnála Poiblí	34,571	14,228
Seirbhísí Comhairleacha Cliant	107	1,071
Costais TF	712	292
Costais Oibríochtúla Eile	907	169
Costais Taistil	7	1
	36,304	15,761

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúra bhainistíochta fuinnimh chun cinn agus soláthraíonn sé comhairle, meantóireacht agus oiliúint struchtúrach dhíreach ar éifeachtúlacht fuinnimh anuas ar shaintacaíochtaí teicniúla d'eagraíochtaí earnála poiblí. Áirítear leis struchtúr cuimsitheach do chomhlachtaí poiblí le hidíú fuinnimh a thuairisciú agus a rianú. Leanadh le gníomhartha Pathfinder na hEarnála Poiblí in 2022 le cur chuige a thástáil agus scála a fhorbairt do ghníomhartha iarfheistithe dhomhain i bhfoirgnimh rialtais láir, scoileanna, ardoideachas, agus sláinte.

7.13 An Clár Tionscail agus Gnó

	2022 €'000	2021 €'000
LIEN	595	484
Tacaíochtaí do FBManna	190	136
Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur chun Cinn i nGnó	223	74
Scéim Tacaíochta d'Iniúchtaí Fuinnimh	1,746	16
ACA/Costais Oibríochtúla Triple E	–	175
Costais TF	71	364
	2,825	1,249

Tacaíonn an Clár Tionscail agus Gnó le hiarrachtaí i measc na n-earnálacha uile gnó chun glacadh le héifeachtúlacht fuinnimh a bhrostú. Baintear seo amach trí thacaíocht deontais caipitil, líonraí, oiliúint agus seirbhísí a dhéanann bainistíocht struchtúrach fuinnimh a chur chun cinn i leith caighdeán den chéad scoth, agus margáí a bhforbairt do sheirbhísí agus comhairle faoi éifeachtúlacht fuinnimh. Forbraíodh Acadamh Fuinnimh an

SEAI chun cabhrú le gnóthaí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus costais ghaolmhara a laghdú. Seoladh an Scéim Tacaíochta d'Iniúchtaí Fuinnimh go déanach in 2021 agus cuireann sí deontas ar fáil do ghnólachtaí chun Iniúchadh Fuinnimh ardchaighdeán a fháil ó mheasúnóir cláraithe. Soláthraíonn an t-iniúchadh sonraí don ghnólacht faoi úsáid fuinnimh, na limistéir ina n-úsáidtear an fuinneamh is mó agus na gníomhartha ar féidir leis an ngnólacht tabhairt fúthu le fuinneamh a choigilt.

Cuireadh cistiú maidir le clár EXEED ar fáil laistigh den Chlár Tionscail agus Gnó a fhaide le 2021 agus an bhliain sin san áireamh. Rinneadh clár aonair de ó thús 2022 agus, ar an ábhar sin, nochtadh ar leithligh é i nóta 7.15 leis na ráitis airgeadais. Athluadh nithe comparáideacha do Thionscal agus Gnó freisin leis an athrú a chur san áireamh.

7.14 Taispeántas Fuinnimh

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam	(386)	(104)
Fógraíocht	99	17
Soláthar Oibríochtúil	326	129
	39	42

An Taispeántas Fuinnimh - an príomhimeacht fuinnimh inbhuanaithe ó ghnólacht go gnólacht in Éirinn. Cuireadh taispeántais 2020 agus 2021 ar bun ar líne mar gheall ar an bpaindéim. Cuireadh an taispeántas ar siúl arís san RDS in 2022 mar imeacht i bpearsan. Nochtadh Ioncam agus Costais an Taispeántais Fuinnimh laistigh den nóta 'Tionscal agus Gnó' in 2021.

7.15 EXEED

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eísíodh	1,267	3,367
Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla	5	22
Soláthar Oibríochtúil	342	422
Costas TF	104	111
Taisteal	2	–
	1,720	3,922

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Is scéim deimhnithe sócmhainní é EXEED Deimhnithe an SEAI a thugann aghaidh ar fhuinneamh saoil agus ar fheidhmíocht carbóin trí bhainistíocht Dearaidh Éifeachtúlachta Fuinnimh. Is féidir EXEED Deimhnithe a chur i bhfeidhm in aon ghnólacht laistigh de na hearnálacha tráchtála, tionsclaíochta agus poiblí. Tacaíonn EXEED le bainistíocht dearaidh atá tiosach ar fhuinneamh (EED) trí dheontais le haghaidh dúshláin dearaidh agus infheistíochtaí caipitil a éilíonn dreasacht infheistíochta.

7.16 Clár na Scoileanna

	2022 €'000	2021 €'000
Clár na Scoileanna	227	125

Cuidíonn clár oideachais an SEAI le bonn eolais a thabhairt do dhearcchá, do chreidimh agus d'iompraíocht leanaí bunscóile agus meánscoile maidir le fuinneamh inbhuanaithe. Cuimsítear sa chlár meascán d'acmhainní teagaisc atá ailínithe leis an gcuraclam, ceardlanna idirghníomhacha do dhaltai, comórtais scoláirí agus oiliúint múinteoirí chomh maith le foilseacháin ábhartha a chruthú.

7.17 Faireachas Margaidh

	2022 €'000	2021 €'000
Faireachas Margaidh	1,122	773
Costais TF	340	66
Costais Taistil	10	–
	1,472	839

Feidhmíonn an SEAI mar Ghníomhaire Bainistíochta agus déanann sé gníomhaíochtaí faireachais margaidh thar ceann an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Áirítear le Faireachas Margaidh Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir an AE 2009/125/CE), Lipéadú agus Faisnéis Chaighdeánach Táirgí do Tháirgí a Bhaineann le Fuinneamh (Treoir AE 2010/30/AE) agus Lipéadú na mBonn maidir le hÉifeachtúlacht Breosla agus Paraiméadair Riachtanacha Eile (Rialachán CE 1222/2009).

7.18 Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaithe

	2022 €'000	2021 €'000
Cúnamh Infheistíochta/Oibriúcháin	646	204
Comhairle Theicniúil	20	75
Soláthar Oibríochtaí	371	221
Costais Oibríochtaí Eile	–	62
Costais TF	52	20
	1,089	582

Tacaíonn an Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaithe (SSRH) le hathrú córais téimh breosla iontaise go teicneolaíochtaí incháilithe fuinnimh in-athnuaithe, lena n-áirítear coire bithmhaise, caidéal teasa agus córais téimh bithbhreosla (diléá anaeróbach). Cuireann an scéim dhá chineál sásra tacaíochta ar fáil - iocaíocht taraife mar chúnamh oibriúcháin do bithmhais agus córais téimh anaerobaigh agus iocaíocht deontais mar chúnamh infheistíochta do chórais teaschaidéil. Osclaíodh an scéim in 2019 d'arratais tar éis an phróisis fógartha agus faofa maidir le cúnamh Stáit.

7.19 Taighde, Forbairt agus Imlonnú Fuinnimh In-Athnuaithe

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eísíodh	4,343	6,075
Costais Oibríochtaí Eile	224	228
Costais TF	100	5
Taighde Coimisiúnaithe	–	68
Costais Taistil	5	2
	4,672	6,378

Tacaíonn Clár Cistithe RD&D Fuinnimh Náisiúnta an SEAI le gníomhartha nuálacha agus spriocdhírthe a chuidíonn le seachadadh tosaíochtaí beartais lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, i gClár an Rialtais agus sa Chreat Aeráide agus Fuinnimh 2030. Is éard atá i gcaiteachas 2022 iocaíochtaí le dámhachtainí reatha (bhí 140 dámhachtainí ilbhliantúil beo in 2022, a bronnadh in

2018, 2019 agus 2021), leis na dámhachtainí nua ó Ghloch 2022 (44 tionscadal) agus le comhpháirtíochtaí straitéiseacha.

Is iad cuspóirí uileghabhálacha Chlár Cistithe Taighde, Forbartha agus Taispeána (RD&D) Fuinnimh Náisiúnta an SEAI forbairt agus imlonnú táirgí a bhaineann le fuinneamh in Éirinn a bhrostú, sárú ar bhacainní teicniúla a chumasú, cumas taighde na hÉireann a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt don lucht déanta beartais trí úsáid a bhaint as torthaí as tionscadail lena dtacaítear.

7.20 Fuinneamh Amach ón gCósta

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eísíodh	193	311
Oibreacha ar Fochonradh	2,055	1,801
Costais Oibríochtaí Eile	560	332
Costais Taistil	9	–
	2,817	2,444

Riarann an SEAI an Clár Fuinnimh Amach ón gCósta chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun forbairt Fuinnimh Amach ón gCósta agus Aigéin in Éirinn a bhrostú, faoi mar a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus sa Phlean Forbartha um Fuinneamh In-Athnuaithe Amach ón gCósta. Tacaíonn an clár le suíomhanna tástála comhordaithe agus taighde náisiúnta agus Eorpacha.

7.21 Anailís Beartais Straitéiseach

	2022 €'000	2021 €'000
Oibriú Clár	810	302
Taighde Coimisiúnaithe	–	371
Costais TF	20	62
Taisteal	8	–
	838	735

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheisteanna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus imlonnú fuinnimh inbhuanaithe.

Déanann an SEAI an chomhairle seo a shaincheapadh le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartais fuinnimh inbhuanaithe in Éirinn.

7.22 Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh

	2022 €'000	2021 €'000
Taighde Coimisiúnaithe	241	185
Costais Oibríochtaí Eile	694	245
Costais TF	113	125
Costais Taistil	4	–
	1,052	555

Comhlíonann an clár seo freagracht an SEAI as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a chothabháil agus a fhoilsiú i dtaobh táirgeadh, claochlú agus úsáid deiridh fuinnimh. Áirítear leis seo, chomh maith, staidéir mhionsonraithe shamhaltaithe agus anailís beartais chun bonn fianaise neamhspleách a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta, agus rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí plé beartais agus meastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

7.23 Feithiclí Leictreacha

	2022 €'000	2021 €'000
Deontais a Eísíodh	62,756	68,142
Soláthar Oibríochtaí	784	684
Costais Eile	890	81
Fógraíocht	–	372
Forbairt agus Cothabháil TF	343	180
Taighde Coimisiúnaithe	23	–
	64,796	69,459

Tacaíonn an clár seo le himlonnú teicneolaíocht feithicle leictirí agus bonneagair luchtaithe i gcóras iompair na hÉireann agus soláthraíonn sé cúnamh deontais i dtreo feithiclí leictreacha agus luchtairí baile a cheannach. Tugadh cúnamh deontais ar 10,894 (2021: 13,432) feithiclí leictreach agus 16,299 (2021: 8,379) luchtairí baile, ar an iomlán, faoin gclár seo in 2022.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

8. Leithreasáí

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Conartha an AE	–	20
Diúltú Deontais	23	17
Eile	1	32
	24	69

Aisíoctar cistí Neamh-Stáitchiste a fuair an SEAI ar ais leis an DECC. Mar dheia, aithnítear na cistí siúd mar ioncam, aithnítear dliteanas comhfhreagrach leis an DECC, chomh maith. Cuirtear na fáiltais seo san áireamh mar Leithreasáí i gCabhair ar an Vóta. Sonraítear sa nóta thuas an ghluaiseacht sa tsuim a bhí dlite leis an DECC i rith 2022.

Fabhraítear ioncam Conartha AE (Nóta 4) ó bhliain go bliain agus luainíonn na suimeanna ó bhliain go bliain bunaithe ar dhul chun cinn nuashonraithe an chonartha.

9. Rátáil Fuinnimh Foirgnimh

	2022 €'000	2021 €'000
Soláthar Oibríochtúil	831	873
Forbairt Clár	79	117
Dearbhú Cailíochta	935	797
Tacaíocht agus Cothabháil TF	325	344
Forbairt Córais TF	125	8
Costais Taistil	6	–
	2,301	2,139

Ainmníodh an SEAI mar an Údarás Eisiúna atá freagrach as measúnóirí BER a chlárú, uirlisí agus córais TF a sholáthar do mheasúnuithe, measúnuithe BER a logáil ar an gclár náisiúnta agus as bainistíocht agus cur chun cinn na scéime foriomláine.

B'ionann ioncam na scéime BER don bhliain agus €4,382,220 (2021: €3,153,795) ónar eascair barrachas €2,081,069 (2021: €1,015,309) sa bhliain.

10. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh agus Bogearraí TF €'000	Clár Ocean €'000	Trealamh Oifige €'000	Feistíú Tógála €'000	Mótarf-heithiclí €'000	Talamh agus Foirgnimh €'000	Iomlán €'000
Costas							
larmhéid an 1 Eanáir 2022	1,595	868	498	4,211	59	120	7,351
Diúscairtí	(146)	–	–	–	–	–	(146)
Breisiúcháin	156	–	–	–	–	–	156
larmhéid an 31 Nollaig 2022	1,605	868	498	4,211	59	120	7,361
Dímheas Carntha							
larmhéid an 1 Eanáir 2022	(1,437)	(862)	(498)	(1,288)	(48)	–	(4,133)
Diúscairtí	146	–	–	–	–	–	146
Muirear don Bhliain reatha	(214)	–	–	(418)	(11)	–	(643)
larmhéid an 31 Nollaig 2022	(1,505)	(862)	(498)	(1,706)	(59)	–	(4,630)
Glanluach leabhar							
larmhéid an 31 Nollaig 2022	100	6	–	2,505	–	120	2,731
larmhéid an 31 Nollaig 2021	158	6	–	2,923	11	120	3,218

11. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Comhchistithe RERD&D	114	146
Infháltais an EPBD	372	292
Réamhíocaíochtaí	996	1,129
Infháltais Eile	905	162
	2,387	1,729

12. Suimeanna Iníochta agus Fabhrúithe

	2022 €'000	2021 €'000
Creidiúnaithe Trádála	590	325
Fabhrúithe	1,151	948
CBL agus CCI	2,776	1,516
PSWT	866	692
ÍMAT/ÁSPC	365	265
Suimeanna Iníochta Eile	351	210
Ioncam Iarchurtha	1,218	853
	7,317	4,809

13. Cuntas Caipitil

	2022 €'000	2021 €'000
larmhéid tosaigh	3,218	4,013
Aistriú (chuig)/ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda:		
Suim chaipitlithe maidir le sócmhainní a ceannaíodh	156	121
Glanmhéid a scaoileadh ar diúscairt	–	(8)
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(643)	(908)
	(487)	(795)
larmhéid ag deireadh na bliana	2,731	3,218

14. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2022 €'000	2021 €'000
Cuntas Bainc Reatha	10	10
Cuntas Coigiltis	5,093	3,055
Cuntas an EPBD	4,619	2,666
	9,722	5,731
Cuntas Cistí an AE	649	794
	10,371	6,525

Is é an Cuntas EPBD an cuntas bainc ainmnithe don chlár Rátála Fuinnimh Foirgneamh (féach Nóta 9).

Tá an SEAI ina chomhpháirtí nó ina cheannaire ar roinnt tionscadal atá maoinithe ag an AE. I gcásanna ina ngníomhaíonn an SEAI mar cheannaire tionscadail, faigheann sé na cistí agus tugann sé ar airleacan iad do ghníomhaireachtaí eile. Baineann gach ciste a choinnítear i gcuntas Chistí an AE leis na tionscadail AE seo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

15. Costais Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) scéimeanna neamhchistithe aoisliúntais le sochar sainithe don fhoireann. Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin maidir le foireann fónaimh agus iarfoireann an SEAI amhail an 31 Nollaig 2022. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

A. Anailís ar Chostais Sochair Scoir a Gearradh ar Chaiteachas

	2022 €'000	2021 €'000
Costais na Seirbhíse Reatha	3,419	2,628
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	694	250
Asbhaintí Aoisliúntas Foirne	(543)	(404)
Costas Pinsin sa tréimhse	3,570	2,474

B. Anailís ar an nGluaiseacht i nDliteanas i rith na Bliana

	2022 €'000	2021 €'000
Dliteanas Scéime an 1 Eanáir	50,414	47,768
Costas seirbhíse reatha	3,419	2,628
Costas úis	694	250
(Gnóthachan)/cailteanas achtúireach	(18,287)	185
Sochair a íocadh sa bhliain	(327)	(417)
Dliteanas Scéime an 31 Nollaig	35,913	50,414

C. Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an SEAI na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag an SEAI nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin don Bhliain	2022 €'000	2021 €'000
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais pinsin na bliana reatha	4,113	2,878
Deontas Stáit a úsáideadh le pinsin a íoc	(327)	(417)
	3,786	2,461

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2022 agus €35,913,000. (2021: €50,414,000).

D. Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

Gnóthachan/ (Cailteanas) ó Thaithí ar dhliteanais Scéime	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000
Méid (€)	(2,535)	(149)	(647)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	7.06%	0.3%	1.3%
Méid Iomlán a aithnítear sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach	18,287	(185)	(5,530)
Céatadán luach reatha na ndliteanas scéime	50.92%	0.4%	11.6%

Is ionann an cailteanas carnach achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach agus €5,299,000 (2021: €23,586,000).

E. Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Socrú tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea scéim pinsin an SEAI ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime "samhla" eárnála poiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme D, soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, soláthraíonn an scéim pinsean (dhá ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) a fhad le tairseach 3 1/3 uair an ráta uasta bhliantúil den pinsean stáit ranníocach, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidíocht ag comhaltaí atá i gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na heárnála poiblí.

Is é an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) arb an scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar soláthar sa scéim do chnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánach gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an aois iosta ag a mbíonn pinsean iníoctha 66 bliain (ag ardú ar aon dul le hathruithe a tháinig ar aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó aois 55. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtdh FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach an 20 Eanáir 2023 ag achtúire neamhspleách cáilithe agus riachtanais FRS á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime an 31 Nollaig 2022.

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

	Ag 31/12/22	Ag 31/12/21	Ag 31/12/20
Ráta lascaine	3.70%	1.30%	0.50%
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	3.90%	3.50%	2.70%
Ráta an mhéadaithe ar phinsin*	2.60%	2.20%	1.40%
Boilsciú	2.60%	2.20%	1.40%

*Tugtar faoi deara gurb é an ráta méadaithe ar phinsin 2.60% sa bhliain (i.e. cothrom le boilsciú). Bhainfeadh seo le comhaltaí den Scéim Aonair amháin. I gcás comhaltaí tuarastail deiridh, glacadh leis gurbh ionann méaduithe pinsin agus ráta 3.65% sa bhliain.

Úsáidtear Táblaí Mortlaíochta mar seo a leanas:

Gníomhach agus Iarchurtha	Réamhscoir	Réamhscoir
Fir	73.0% de ILT15	58.0% de ILT15
Mná	77.0% de ILT15	62.0% de ILT15

Bunaithe ar na táblaí seo, seo a leanas ionchas saoil fear agus ban amach anseo ag aois 65:

	Pinsinéir reatha (in 2022) ag aois 65	Pinsinéir amach anseo (in 2042) ag aois 65
Fir	22.1 bliain	24.3 bliain
Mná	24.4 bliain	26.4 bliain

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

16. Ceangaltais Deontais agus aisíocaíochtaí deontais

(i) Ceangaltais Deontais

Meastar gurbh ionann na híocaíochtaí uasta amach anseo is dóchúil a thiocfaidh aníos ó cheangaltais inar iontráladh faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta agus €263.292m (2021: €123.591m / €180.295m, faoi mar a ndearnadh athanailis orthu.

	Geallta Amhail an 1 Ean 2022 €'000	Geallta I rith na tréimhse €'000	Tarraingthe Siar €'000	Ío-caíochtaí €'000	Geallta Amhail an 31 Nol 2022 €'000
Éifeachtúlacht Fuinnimh Cónaithe agus Pobail					
Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo	56,310	98,083	–	97,962	56,431
Tithe Fuinnimh Níos Fearr	11,526	75,813	(15,122)	36,093	36,124
PV Gréine	9,048	40,538	(5,471)	24,962	19,153
Iarfheistiú Domhain	1,777	453	–	265	1,965
Fuinneamh Pobail	17,189	46,435	(5,731)	19,583	38,310
An Scéim Náisiúnta Iarfheistithe Baile	12,685	24,915	(9,549)	11,543	16,508
Pobail an RESS	–	673	–	387	286
Micrighiniúint Neamhbhaile	–	276	–	133	143
An Earnáil Ghnó agus Phoiblí					
Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí	5,036	46,652	–	35,233	16,455
EXEED	2,044	2,169	(599)	1,243	2,371
Clár Tionscail agus Gnó	394	2,599	(52)	1,814	1,127
Fuinneamh In-Athnuaite					
RD&D Fuinnimh In-Athnuaite	19,127	9,031	(241)	4,313	23,604
Fuinneamh Amach ón gCósta	694	1,375	–	193	1,876
Scéim Tacaíochta do Theas In-athnuaite	30,343	8,039	(1,931)	720	35,731
Iompar					
Feithiclí Leictreacha	14,122	65,176	(2,245)	63,845	13,208
	180,295	422,227	(40,941)	298,289	263,292

Agus Ráitis Airgeadais 2022 á n-ullmhú, rinneadh athbhreithniú do gach ceangaltas caipitil, agus mheasamar gur chuí luachanna Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo (2021: €56.310) a chur san áireamh. Fágadh iad seo ar lár roimhe seo mar gheall gur seirbhísí iad a sholáthraítear dúinn. Cuireadh luachanna an chlár Tionscail agus Gnó (2021: €0.394m) san áireamh chomh maith in 2022. Rinneadh roinnt clár a athghrúpáil chun comhfhreagairt don struchtúr laistigh den nóta an Chaiteachais Cláir (Nóta 7).

17. Nochtadh ag Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Bhí ceithre chás ann i rith 2022 nár ghlac Comhaltaí Boird aonair páirt sna cinntí faoi dheontais agus soláthairtí ar leith i gcomhréir le Beartas Coimhlinte Leasa an SEAI. Coimeádann an SEAI clár de na cásanna siúd.

18. Táillí agus Costais Chomhaltaí Boird

Íocann an SEAI táillí agus costais lena gcomhaltaí Boird i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe. Chuir an SEAI cinneadh an Rialtais i bhfeidhm a rinneadh i Márta 2010 i dtaca le táillí do chomhaltaí comhlachtaí stáit. Déantar tháillí comhaltaí Boird a shlánú chuig an €'000 is gaire. Íocadh costais chomhaltaí Boird €915 in 2022 (2021: €276).

	2022 €'000	2021 €'000
Táillí Boird		
Michael Wall	–	3
Dermot Byrne	12	12
Peter Brennan	8	8
Sharon O'Connor	8	7
Lisa Ryan	3	8
Kate Ruddock	1	8
Andrew Ennis	8	7
Ann Markey	8	7
Léan Doody	8	8
Joe O'Carroll	8	8
Justina Corcoran	–	–
William Walsh	–	–
Barry McMullin	–	–
María O'Dwyer	–	–
Robert Wasson	4	–
Iomlán	68	76

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

19. Léasanna Oibriúcháin – Áitreabh

Tá ceannoifig an SEAI lonnaithe ag 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2 faoi léas 25 bliain. Ligeann an t-údarás fo-oifigí ar léas freisin atá lonnaithe i gCorcaigh, Dún Dealgan agus Sligeach.

Seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa dochealaithe amach anseo faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí a liostaítear:

	2022 €'000	2021 (Arna athlua) €'000
Léasanna Oibriúcháin		
Laistigh de 1 Bhliain	2,005	2,005
I rith 2 agus 5 Bliana	7,911	7,941
Os cionn 5 Bliana	30,355	32,330
Iomlán	40,271	42,276

Ba é an léas oibriúcháin a nochtadh i Ráitis Airgeadais 2021 €40,356,238. Fágadh bliain amháin ar lár ón mbunríomh agus athluadh luachanna 2021 thuas leis seo a chur san áireamh.

Aithnítear íocaíochtaí léasa faoi léasanna oibriúcháin mar chostas thar an tréimhse a bhaineann an SEAI leas as an áitreabh.

B'ionann an íocaíocht léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €1,966,555 (2021: €2,074,532).

20. Figiúirí comparáideach

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha don bhliain a athghrúpáil agus a athléiriú ar an mbonn céanna agus iad siúd don bhliain reatha.

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 28 Meitheamh 2023.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland